# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016

Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann



# Clár na nÁbhar

**Réamhrá an Chathaoirligh** **3**

**Tuarascáil an Chathaoirligh** **6**

**Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh** **17**

**Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis agus Eolaíoch** **19**

**Oibríochtaí** **22**

Seirbhísí do Dheontóirí 23

Staidreamh Deontóirí 25

Próiseáil agus Seirbhísí Ospidéil 27

**Tástáil** **32**

TAN 33

An tSaotharlann Víreolaíochta 34

SNTIH 36

An tSaotharlann Diagnóisice ag an INF 38

Saotharlann Diagnóisice/Trasmheaitseála Chorcaí 40

Grúpáil Uathoibrithe Deontóirí 42

**Seirbhísí Eile** **44**

An Banc Fíocháin 45

CSNÉ 46

Aifiréis Theiripeach 47


ONH 49

**Cáilíocht agus Cloí** **53**

**Acmhainní Daonna** **55**

**Airgeadas** **58**

**Sonraí teagmhála** **60**



**“Tá sé mar aidhm againn stoc 5 go 7 lá fola a choinneáil i ngach aon cheann de na hocht ngrúpa mhóra fola an t-am go léir.”**

# Réamhrá an Chathaoirligh

Seans go bhfuil an chuma air go bhfuil an cúram atá orainn simplí, is é sin, soláthar táirgí fola sábháilte, slán agus iontaofa a chur ar fáil d'othair atá ag úsáid sheirbhísí sláinte na hÉireann, ach tá dúshláin ag baint leis. D'éirigh linn soláthar iontaofa a bhaint amach in 2016, ach níor tharla sé sin ach mar thoradh ar fhlaithiúlacht ár ndeontóirí, tacaíocht na meán agus ár gcomhpháirtithe, amhail CLG, Óglaigh na hÉireann, Vodafone, agus cuid mhór gnóthaí, agus mar gheall ar an obair dhian a rinne ár bhfoireann. Bhí tréimhsí rialta in 2016 nuair a bhí an soláthar fola níos lú ná na leibhéil a bhí beartaithe againn féin. Tá sé mar aidhm againn stoc 5 go 7 lá fola a choinneáil i ngach aon cheann de na hocht ngrúpa mhóra fola an t-am go léir.Ó dheireadh 2015 agus i rith chuid mhór de 2016, bhí orainn clinicí breise a reáchtáil go rialta le cinntiú go raibh fuil ar fáil go leanúnach d'othair na hÉireann. Tharla sé seo toisc gur mhéadaigh ráta iarchuir na ndeontóirí a bhí ag freastal ar ár gclinicí, mar a bhí tuartha againn anuraidh, agus gur fhan sé seo go hard i rith 2016. Is léiriú é seo ar na leibhéil haemaglóibine réasúnta íseal i measc mhuintir na hÉireann.

Bíonn tionchar aige seo ar ár gcostais, ach rud is tábhachtaí ná sin, bhí tionchar aige ar ár bhfoireann, ar ár bhfoireann eagraithe deonacha agus ar ár ndeontóirí. I rith na tréimhse seo, rinneamar trí ghníomh a bhí beartaithe leis an soláthar fola agus an t-éileamh uirthi a chothromú ar bhealach níos fearr. Tá straitéis nua mhargaíochta forbartha againn, agus í beartaithe le tuilleadh daoine óga a spreagadh le bheith ina ndeontóirí; táimid tar éis oibriú go dlúth le hospidéil chun táirgí fola a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí; agus tá ár bhfoirne deontóirí tar éis obair a dhéanamh i rith na bliana chun tuilleadh deiseanna a chur ar fáil le haghaidh deonadh áisiúil inrochtana. Faoi dheireadh 2016, bhí an soláthar fola tar éis éirí níos cobhsaí agus tá súil againn gur féidir linn ár seirbhís a choinneáil i gceart agus i gcóir i rith 2017. Rinneamar obair i rith 2016 le heagraíochtaí othar, ár ndeontóirí, ár bhfoireann leighis agus eolaíoch, saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le foireann FSS, agus leis an Roinn Sláinte, chun moladh a ullmhú chun athrú a dhéanamh ar an riail reatha atá ann, rud a chuireann cosc deonacháin fad saoil ar na fir go léir a bhíonn ag bualadh craicinn le fir.Bhí próiseas cuimsitheach comhairliúcháin ar siúl againn a raibh cruinniú idirnáisiúnta mar thoradh air i lár 2016, agus bhí an tOll John Bonnar ina chathaoirleach éifeachtach air. Ullmhaíodh togra, ghlac an tAire Sláinte leis agus baineadh an t-iarchur fad saoil ag tús mhí Eanáir 2017. Bhí an próiseas dúshlánach seo á stiúradh ag an Dr Willy Murphy, ár n-iar-Stiúrthóir Leighis, agus an tUas Andy Kelly, ár PF.

Táimid tar éis géarú ar an gclár dár gcuid a chuireann féithligean teiripeach ar fáil do dhaoine a bhfuil haemacrómatóis cobhsaí orthu agus táimid ag tabhairt deise dóibh siúd ar mian leo agus atá incháilithe deonú a dhéanamh. Ligfidh uasghrádú a rinneadh le déanaí ar ár gcórais TF dúinn an tseirbhís thábhachtach seo a fhorbairt tuilleadh i rith 2017.

Tá dúshláin airgeadais fós romhainn. Tá an tAire Sláinte tar éis glacadh lenár moladh na praghsanna a ghearraimid ar ár dtáirgí a cheangal leis na costais atá orainn agus atá bunaithe ar ghníomhaíocht. Is mór agam iarracht an Aire agus na státseirbhíseach sa Roinn Sláinte air seo a bhaint amach. Is mór againn seo, ós rud é go ndéanann sé ár n-airgeadas níos cobhsaí, agus is ábhar misnigh é aitheantas a fháil dár nuálaíocht i rialú airgeadais earnála poiblí, rud a bhí mar thoradh ar chuid mhór oibre ag an Uas. Noel Murphy, ár POA, agus an fhoireann airgeadais. Leanaimid de gach deis a thapú chun ár gcostais a rialú.

Sa chuid dheireanach de 2016, chaith ár bhfoireann bhainistíochta feidhmiúcháin, agus mo chomhghleacaithe ar an mBord, chaith siad mórán ama agus dua lenár straitéis nua. Tá codanna de seo le feiceáil cheana, go háirithe feachtas nua margaíochta, agus béim i bhfad níos mó ar na meáin shóisialta ná mar a bhí roimhe seo. Níl codanna eile chomh soiléir sin, mar shampla, tá méadú breise déanta againn ar na hacmhainní agus an iarracht a chaitear ar oiliúint agus forbairt foirne, go háirithe oiliúint foirne le haghaidh cúraimí meánleibhéil agus sinsearacha i SFÉ.

Bhí deireadh ré i gceist i mbliana chomh maith. Chuaigh an Dr Willy Murphy, ár Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch ar scor. Tháinig sé isteach i SFÉ tar éis na ngéarchéimeanna a raibh binsí fiosrúcháin Finlay agus Lindsay mar thoradh orthu agus bhí sé mar chrann taca ag SFÉ i rith na mblianta fíordheacra sin. D'imir sé tionchar ollmhór ar ár n-eagraíocht agus ar sheirbhísí sláinte na hÉireann agus táimid go léir go mór faoi chomaoin aige. Mar is dual dó, tá sé tar éis dul chuig an Nua-Shéalainn le bheith ag obair ansin. Guímid gach rath air agus é ag obair thar lear.

Mar is gnách, ní mór dom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann. Is fíorphribhléid é a bheith ag stiúradh grúpa daoine atá chomh tiomanta sin. Déanann ár bhfoireann obair dheacair dhianiarrthach, gan spás ar bith le haghaidh earráidí, agus is gá dóibh oibriú go maith agus go héifeachtach le daoine, idir dheontóirí agus chliaint, is iad sin, ospidéil na hÉireann. Go raibh míle maith agaibh ar fad.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil lenár bhfoireann shinsearach bhainistíochta agus le mo chomhghleacaithe ar an mbord. Is eagraíocht chasta í SFÉ a bhfuil stair thar a bheith sainiúil agus cultúr láidir ag baint léi. Cuireann ár bhfoireann bhainistíochta feidhmiúcháin, rud atá á stiúradh ag an Uas Andy Kelly, an PF, rúnaí ár mBoird, Mirenda O'Donovan, agus mo chomhghleacaithe ar an mbord, cuireann siad go léir leis seo. Murach a bhfócas, a gcomhairle agus a dtacaíocht, ní fhéadfainn mo chuid dualgas a chur i gcrích.

**An tOllamh Anthony Staines**
Cathaoirleach



# Tuarascáil an Chathaoirligh

**Tuarascáil Chathaoirleach Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann maidir leis an measúnú ar rialú inmheánach airgeadais comhlacht stáit sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016, i gcomhréir le hAguisín 2 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.**

1. Admhaímse, mar Chathaoirleach, go bhfuil an Bord freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais atá ag an gComhlacht.
2. Ní féidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá ag SFÉ ach cinnteacht réasúnta a chur ar fáil, gan a bheith iomlán, nach bhfuil earráid, míráiteas nó caillteanas ábhartha ann.
3. Deimhníonn an Bord go bhfuil próiseas leanúnach ann chun rioscaí suntasacha do SFÉ a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar an bpróiseas seo trí thuairiscí a fhaightear ón bPríomhfheidhmeannach.

   i. Tá an lucht bainistíochta freagrach as rioscaí suntasacha a bhaineann lena réimsí gnó a aithint agus a mheasúnú, agus as rialú oiriúnach a cheapadh agus a oibriú. Déantar measúnú ar na rioscaí seo go leanúnach agus seans go mbíonn baint acu le réimse foinsí inmheánacha nó seachtracha, lena n-áirítear cliseadh ar rialú, cur isteach ar chórais faisnéise, tubaiste nádúrtha agus riachtanais rialaitheacha.

   ii. Buaileann lucht bainistíochta le chéile dhá uair sa mhí chun ceisteanna oibriúcháin agus rioscaí agus an chaoi a mbainistítear iad a phlé. Is é an ról atá ag an bhFoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin ina leith seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar son an Bhoird ar na príomhrioscaí a bhaineann le gnóthaí SFÉ agus ar an gcóras gníomhartha a bhfuil gá leis chun na rioscaí sin a bhainistiú, agus a dtorthaí ar cheisteanna suntasacha a chur faoi bhráid an Bhoird tríd an bPríomhfheidhmeannach.

   iii. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Bhord ar son an lucht bainistíochta feidhmiúcháin ar athruithe suntasacha ar obair SFÉ, agus ar an timpeallacht sheachtrach a théann i bhfeidhm ar rioscaí suntasacha. Nuair a aithnítear réimsí le haghaidh feabhsú sa chóras, déanann an Bord breithniú ar na moltaí a dhéanann an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin.

   iv. Cuireann an Stiúrthóir Airgeadais eolas ar fáil go míosúil don Choiste Airgeadais, rud ar fochoiste den Bhord é, eolas a chuimsíonn príomhtháscairí feidhmíochta.

   v. Tá creat cuí rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil gnéithe atá sainmhínithe go soiléir agus iad forchoimeádta d'fhaomhadh an Bhoird amháin nó, de réir mar a bhíonn tarmligthe ag an mBord le haghaidh faomhadh cuí Feidhmeannais. Tá bainistíocht SFÉ ó lá go lá tarmligthe ag an mBord, agus tá teorainneacha cuí bunaithe acu le haghaidh údarú caiteachais don Fheidhmeannas. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as rialú inmheánach a chur i bhfeidhm, rialú inmheánach airgeadais san áireamh.

vi. Déantar monatóireacht go ginearálta ar an gcóras de rialú inmheánach airgeadais trí na próisis a bhfuil cur síos orthu thuas. Anuas air sin, déanann Coiste Iniúchóireachta agus Cloí an Bhoird athbhreithniú ar réimsí ar leith de rialú inmheánach mar chuid dá dtéarmaí tagartha.

Tá athbhreithniú sásúil déanta ag Coiste Iniúchóireachta agus Cloí an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais thar ceann an Bhoird. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Cloí athbhreithniú foirmiúil ar na córais seo maidir le 2016 ag cruinniú dá chuid a tharla ar 8 Feabhra 2017.

## Riachtanais Bhreise Tuairiscithe

### Cloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an Bord tiomanta cloí leis na forálacha bainteacha den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, rud a bhí foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016.

Tá cód iompraíochta gnó don Bhord agus cód iompraíochta d'fhostaithe tar éis a bheith curtha i bhfeidhm. Tá an Bord tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar na cóid seo go rialta.

Tá an Bord tar éis glacadh le polasaí mionsonraithe taistil agus cothaithe a chloíonn le gach réimse de pholasaí taistil an Rialtais.

Rinne Bord SFÉ athbhreithniú ar thuairiscí ar rialúcháin inmheánacha i rith na bliana, in éineacht le hathbhreithniú rialta ar thuairiscí an Údaráis Rialála Táirgí Sláinte ar rialúcháin oibriúcháin agus chloí agus bainistíocht riosca. Leanfaidh an Bord d'athbhreithniú na dtuairiscí seo agus d'obair go dlúth leis an ÚRTS chun na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a chinntiú.

Chloígh SFÉ le nósanna imeachta diúscartha sócmhainní, mar atá imlínithe sa 'Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.' Cloíonn SFÉ leis na hoibleagáidí bainteacha go léir mar atá sainmhínithe faoi dhlí cánachais na hÉireann.

### Rialachas Corparáideach

Tá sé mar pholasaí ag an mBord cloí leis na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach, i gcomhréir leis na polasaithe agus na cleachtais a nglactar leo go ginearálta. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte.

Tá lámhleabhar ag an mBord dá chomhaltaí. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an mBord ar a shocruithe rialachais agus cloí i gcomparáid leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, mar a bhí foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016.

### Oibriú an Bhoird

Tá dáréag comhaltaí ar an mBord, Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin a bhíonn ceaptha ag an Aire Sláinte san áireamh.

Tháinig an Bord le chéile 6 huaire le linn na bliana le haghaidh gnáthchruinnithe. Seo a leanas tinreamh chomhaltaí an Bhoird:

# Tuarascáil an Chathaoirligh

| Tinreamh an Bhoird 2016 | Feabhra | Aibreán | Meitheamh | Meán Fómhair | Samhain | Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An tOllamh Anthony Staines | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Linda Hickey | ✓ | | ✓ | ✓ | | ✓ |
| An Dr. Julie Heslin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Dr. Ronan Desmond | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Dr. Liz Kenny | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Deirdre Cullivan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Kate Williams | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Simon Mills | ✓ | ✓ | | | | ✓ |
| John Malone | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ |
| An Dr. Jorgen Georgsen | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| An Dr. Yvonne Traynor | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ |
| Brian O'Mahony | | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ |

Faigheann gach ball eolas cuí agus tráthúil le cur ar chumas an Bhoird a dhualgais a chur i gcrích. Faigheann an Bord comhairle chuí neamhspleách agus ghairmiúil de réir mar is gá. Rinne an Bord measúnú seachtrach ar a bhfeidhmíocht i mBealtaine agus bhí cruinniú aon lá amháin acu ar straitéis i mí an Mhárta.

Cloítear le treoirlínte ar íocaíocht táillí agus speansas le comhaltaí an Bhoird.

| Speansais an Bhoird in 2016 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Seo a leanas speansais an Bhoird:** | **Iomlán** | **Míleáiste** | **Cothú** | **Taisteal Eile** |
| | € | € | € | € |
| Anthony Staines | 1,166.72 | 617.32 | 158.61 | 390.79 |
| An Dr. Julie Heslin | 963.98 | 617.31 | 220.27 | 126.40 |
| An Dr. Elizabeth Kenny | 2,023.63 | 189.93 | 675.70 | 1,158.00 |
| An Dr. Jorgen Georgsen | 4,473.53 | 860.14 | Nil | 3,613.39 |
| Kate Williams | 365.30 | 365.30 | Nil | Nil |
| Deirdre Cullivan | 794.75 | 697.68 | 82.67 | 14.40 |
| | **9,787.91** | **3,347.68** | **1,137.25** | **5,302.98** |

| Táillí an Bhoird in 2016 | |
|---|---|
| **Seo a leanas luach saothair chomhaltaí an Bhoird:** | **Iomlán** |
| | € |
| Linda Hickey | 11,970 |
| Kate Williams | 11,970 |
| Deirdre Cullivan | 11,970 |
| An Dr. Yvonne Traynor | 11,970 |
| Simon Mills | 11,970 |
| John Malone | 11,970 |
| An Dr. Jorgen Georgsen | 11,970 |
| | **83,790** |

# Tuarascáil an Chathaoirligh

## Comhaltaí an Bhoird

An tOllamh Anthony Staines (Cathaoirleach)
An tUas. Brian O'Mahony
An tUas. Linda Hickey
An tUas. Kate Williams
An Dr. Elizabeth Kenny
An Dr. Julie Heslin
An Dr. Jorgen Georgsen
An Dr. Ronan Desmond
An tUas. Deirdre Cullivan
An Dr. Yvonne Traynor
An tUas. Simon Mills
An tUas. John Malone

## An Cód um Chaiteachas Poiblí

Tá an Bord tiomanta cloí le forálacha an Chóid um Chaiteachas Poiblí agus le Ciorcláin 02/2016 – socruithe le haghaidh caiteachas Digiteach agus TFC sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí.

Tá a modheolaíocht fhoirmiúil bhainistíochta tionscadal féin forbartha ag SFÉ chomh maith, rud atá oiriúnach le haghaidh oiriúnú, agus é sin faoi réir mhéid an tionscadail atá i gceist.

Tá struchtúr coiste ceaptha ag an mBord le cabhrú le cur i gcrích éifeachtach a fhreagrachtaí.

## An Coiste Feidhmíochta agus Forbartha

Tá fochoiste bunaithe ag an mBord le déileáil go sonrach le ceisteanna a bhaineann le feidhmíocht agus forbairt an Phríomhfheidhmeannaigh, agus na foirne sinsearaí bainistíochta. Cloíonn an Bord le polasaí an Rialtais ar phá an Phríomhfheidhmeannaigh agus na bhfostaithe. Cloíonn an Bord chomh maith le treoirlínte ar íocaíocht táillí stiúrthóra. Ba é tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh in 2016 ná €148,964. Níor tháinig an Coiste Feidhmíochta agus Forbartha le chéile in aon chor in 2016.

## An Coiste Comhairleach Leighis

Cuimsíonn an Coiste Comhairleach Leighis comhaltaí cáilithe leighis an Bhoird agus foireann leighis chomhairligh SFÉ agus tháinig siad le chéile 11 uair in 2016. Is é an fheidhm atá aige ná monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann le réimse an aistrithe fola agus réimsí eile, an Bord a chur ar an eolas faoina leithéid d'fhorbairtí agus comhairle a chur ar an mBord ar ghníomh cuí.

| Tinreamh an CCL in 2016 | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ainm** | **Ean** | **Feabh** | **Márta** | **Aib** | **Bealtaine** | **Meitheamh** | **Lúnasa** | **MF** | **DF** | **Samh** | **Noll** |
| E Kenny | Y | Y | Y | Y | Y | Y | Y | Y | Y | Y | Y |
| J O'Riordan | Y | Y | Y | Y | Y | Y | Y | Y | Y | Y | Y |
| An Dr. Ó Donghaile | Y | Y | Y | Y | N | N | Y | Y | Y | Y | Y |
| S Ní Loingsigh | Y | Y | N | Y | Y | Y | Y | Y | Y | N | Y |
| L Pomeroy | Y | N | Y | Y | Y | Y | Y | N | Y | Y | Y |
| E McSweeney | Y | Y | Y | Y | Y | Y | Y | N | N | Y | Y |
| J Georgsen | Y (Teil) | Y | Y (Teil) | Y | Y (Teil) | Y | Y (Teil) | Y | N | Y | N |
| B O'Mahony | Y | N | Y | Y | Y | Y | Y (Teil) | N | Y | Y | Y |
| J Heslin | Y (Teil) | Y | Y (Teil) | Y | Y (Teil) | Y | Y (Teil) | Y | Y (Teil) | Y | Y |
| R Desmond | Y | N | Y (Teil) | Y | Y | Y | N | Y | Y | Y | Y |
| N O'Connell | Y | N | Y | Y | Y | Y | N | Y | N | Y | N |
| J Power * | Y | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- |
| W Murphy ** | Y | Y | Y | Y | Y | Y | Y | Y | | | |
| I Hann *** | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | Y | Y (Teil) | Y (Teil) | Y (Teil) |
| C DeGascun **** | -- | -- | -- | -- | -- | Y | Y | Y | Y | N | Y |
| N O'Flaherty **** | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | -- | Y |

* Chuaigh J Power ar saoire shínte i bhFeabhra 2016

** D'fhág W Murphy BFÉ i Meán Fómhair 2016

*** Tháinig I Hann i gcomharbacht ar an Dr Murphy i Lúnasa 2016

**** C DeGascun ceaptha mar chomhalta den MAC i Meitheamh 2016

***** Tháinig N O'Flaherty isteach i BFÉ i Nollaig 2016

# Tuarascáil an Chathaoirligh

## An Coiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile cúig huaire le linn na bliana, agus tá triúr comhaltaí den Bhord páirteach ann. Bíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Cuntasóir Bainistíochta páirteach ann chomh maith. Tá cead ag an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna ar bith a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na buiséid bhliantúla chaipitiúla agus oibriúcháin, cuntais airgeadais agus bhainistíochta, ETFanna airgeadais, caiteachas caipitiúil, caipiteal oibre agus an sreabhadh airgid. Déanann sé athbhreithniú chomh maith ar phleanáil ghnó, cleachtais chostála, soláthar, socruithe árachais, conarthaí, baincéireacht, socruithe airgeadais agus polasaí státchiste. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord ar thuairiscí bainistíochta agus airgeadais, agus cuireann sé comhairle ar fáil ar chinnteoireacht bhainteach. Oibríonn an Coiste Airgeadais faoi théarmaí foirmiúla tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Cloí

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Cloí le chéile cúig huaire i rith na bliana, agus tá triúr comhaltaí den Bhord agus triúr comhaltaí neamhspleácha seachtracha páirteach ann. Bíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir Oibríochtaí, an Stiúrthóir Cáilíochta agus Cloí, an tIniúchóir Inmheánach, an Bainisteoir Riosca agus Athléimneachta ag freastal air agus bíonn an cuntasóir cúnta ag feidhmiú mar rúnaí don choiste. Tá cead ag an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna ar bith a bhaineann le gnóthaí airgeadais, rialaitheacha nó cloí an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla, tuairiscí an Iniúchóra Inmheánaigh, tuairiscí cáilíochta inmheánacha agus ón ÚRTS, na polasaithe cuntasaíochta, cloí le caighdeáin chuntasaíochta agus ar impleachtaí cuntasaíochta a bhaineann le hidirbhearta móra. Buaileann na hiniúchóirí seachtracha leis an gCoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta bhliantúil ar ráitis airgeadais reachtúla an Bhoird. Oibríonn an Coiste Iniúchóireachta agus Cloí faoi théarmaí foirmiúla tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

| Tinreamh Coiste Airgeadais | Feabhra | Bealtaine | Iúil | Meán Fómhair | Samhain |
|---|---|---|---|---|---|
| An tUas. Linda Hickey Cathaoirleach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An tUas. Deirdre Cullivan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An tUas. Kate Williams | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

| Freastal an Choiste Iniúchóireachta agus Cloí | Feabhra | Aibreán | Meitheamh | Meán Fómhair | Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|
| An Dr Yvonne Traynor, Cathaoirleach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An tUas. John Malone | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ |
| An tUas. Simon Mills | | ✓ | ✓ | ✓ | |

## An Clár Rioscaí

Aithníonn an clár rioscaí cineálacha éagsúla rioscaí, lena n-áirítear rioscaí straitéiseacha, cáile, cliniciúla, TF, airgeadais agus oibriúcháin don eagraíocht, an rialú reatha agus gníomhartha breise a bhfuil gá leo chun an tionchar ar an eagraíocht a íoslaghdú dá bhfíorófaí ceann de na rioscaí. Tá Bainisteoir Riosca agus Athléimneachta ceaptha ag SFÉ agus tá freagracht ar an duine sin as maoirseacht a dhéanamh ar an gclárlann rioscaí agus ar shocruithe teagmhasachta. Críochnaíodh obair ar chlár aonair rioscaí le linn 2016. Aithníodh sraith rioscaí bunaidh chomh maith agus déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Cloí agus an Bord monatóireacht rialta orthu. Déanann an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclárlann rioscaí i láthair na huaire.

Cinntíonn an mhonatóireacht seo go bhfuil na rioscaí agus an rialú aitheanta bainteach leis an am i láthair, agus go n-aithnítear rioscaí nua agus éiritheacha, agus go gcuirtear bearta rialaithe i bhfeidhm.

## Gnóthas Leantach

Tar éis dóibh fiosruithe réasúnta a dhéanamh, tá Comhaltaí an Bhoird réasúnta sásta go bhfuil go leor acmhainní ag SFÉ le leanúint dá hobair sa ghearrtéarma. Ar an gcúis seo, leanann siad de na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Tar éis don Bhord measúnú a dhéanamh ar luachálacha sócmhainne na scéime pinsin, ar an bplean maoinithe reatha, a chuimsíonn athruithe a comhaontaíodh maidir le sochair na scéime, ar ráta maoinithe athmheasta achtúirí na scéime, agus ar an sreabhadh airgid a thuar an Bord don dá mhí dhéag ón dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais, tá an Bord sásta go bhfuil dóthain de chúlchiste acu chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a cheadú ar bhonn ghnóthais leantaigh.

## Rialú Inmheánach

Tá an Bord freagrach as rialúcháin inmheánacha i SFÉ agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht. Cuimsíonn an córas de rialú inmheánach airgeadais atá ag an mBord an rialú sin a bunaíodh chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil maidir le:

- Cosaint sócmhainní ar úsáid nó diúscairt gan údarás; agus
- taifid chuí chuntasaíochta a bheith á gcoinneáil agus eolas iontaofa airgeadais a bheith á úsáid san eagraíocht.

Seo a leanas na príomhghnéithe den chóras atá ag an mBord le haghaidh rialú inmheánach airgeadais:

- Córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais
- Ullmhaítear Buiséad Bliantúil agus cuirtear é faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Bhoird
- Monatóireacht mhíosúil ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid ag an gCoiste Airgeadais agus ag an mBord
- Faomhadh sealbhóirí buiséid do bhuiséid ar leith
- Athbhreithniú buiséid le sealbhóirí buiséid
- Struchtúr airgeadais atá sainmhínithe go soiléir
- Leithscaradh cuí dualgas
- Teorainneacha soiléire údaraithe ceadaithe ag an gCoiste Airgeadais le haghaidh caiteachas caipitiúil agus athfhillteach
- Príomhphróisis airgeadais á ndoiciméadú go hiomlán i nósanna imeachta scríofa
- Stocáireamh agus réitigh rialta á ndéanamh ag foireann atá neamhspleách ar fhoireann stórais
- Seiceáil fíorúcháin agus rialú focail faire sa chóras airgeadais
- Réiteach eisiúintí táirgí le cinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí uile an Bhoird billeáilte go hiomlán

# Tuarascáil an Chathaoirligh

- Monatóireacht rialta ar an bhfeidhm rialaithe creidmheasa
- Síniú orduithe ceannaigh ag Oifigeach Ceannaigh nó ionadaí údaraithe
- Nithe stoic á bhforéileamh trí ordú uathoibríoch
- Síniú agus códú gach sonraisc nach mbaineann le stoc ag bainisteoirí buiséid nó ag a n-ionadaithe údaraithe
- Gach sonrasc stoic á mheaitseáil go neamhspleách le NEI (GRN) agus ordú ceannaigh an stórais
- Seiceáil fhíoraithe íocaíochta shonraisc na soláthraithe ag baill foirne atá neamhspleách ar an bhfoireann íocaíochta cuntas

Tá a fhios ag an mBord go bhfuil an córas de rialú inmheánach ceaptha chun bainistíocht a dhéanamh ar an riosca nach mbainfí cuspóirí gnó amach, seachas an riosca sin a dhíchur go hiomlán. Ní féidir le rialú inmheánach ach cinnteacht réasúnta a chur ar fáil, gan a bheith iomlán, nach mbeidh míráiteas nó caillteanas ábhartha i gceist.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2016 faoi CTA102.

## Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá ceanglas ar an mBord faoi Ordú um an mBord Seirbhís Fuilaistriúcháin (Bunú), 1965, ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliain airgeadais, i gcomhréir le dlí is infheidhme in Éirinn agus caighdeáin chuntasaíochta, ina dtugtar léargas ceart agus cóir ar staid ghnóthaí Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus ar a hioncam agus a caiteachas sa bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, is gá don Bhord:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Imeacht ábhartha ar bith ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann de bheith ag oibriú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus le cur ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis an Ordú. Anuas air sin, tá sé freagrach as sócmhainní Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a chosaint, agus bearta réasúnta a dhéanamh dá réir chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## Soláthar

Tá SFÉ ag cloí leis na rialacha agus treoirlínte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

## Nochtuithe Cosanta

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag SFÉ chun nochtuithe cosanta a dhéanamh. Ní dhearnadh aon nochtuithe cosanta in 2016.

## Forbairtí atá suntasach ó thaobh tráchtála de

**Tástáil Heipitíteas E**

Thosaigh SFÉ tástáil Víreas Heipitíteas E in Eanáir 2016. Tá maoiniú deontais tugtha ag an Roinn Sláinte lena aghaidh seo go ceann trí bliana.

**Bainistíocht Chló**

Thug SFÉ isteach córas bainistíochta cló ar fud na heagraíochta in 2016.

**Athsholáthar an fhlít**

Tosaíodh athsholáthar aonaid shoghluaiste uile SFÉ in 2016.

**Gléas 'Haemospect'**

Thug SFÉ isteach gléas nua chun leibhéil haemaglóibine (hb) a thomhas i measc deontóirí in Iúil 2014. Bhí an gléas seo in úsáid i gclinicí go dtí Deireadh Fómhair 2015, nuair a cuireadh ceann eile ina áit mar gheall ar bhuarthaí faoina fheidhmíocht. Tugadh na gléasanna a úsáideadh roimhe sin isteach arís. Tá dlíthíocht ar siúl maidir leis seo i láthair na huaire.

**An tOllamh Anthony Staines**

Cathaoirleach



**"Leanann SFÉ d'fhuil, pláitíní, fíochán agus táirgí fola a chur ar fáil d'othair in Éirinn de réir caighdeáin cháilíochta an-ard."**

# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

Leanann SFÉ d'fhuil, pláitíní, fíochán agus táirgí fola a chur ar fáil d'othair in Éirinn de réir caighdeáin cháilíochta an-ard. Is éard atá ag tarlú ná go bhfuilimid ag streachailt soláthar comhsheasmhach a choinneáil d'ospidéil, ar aon dul le cuid mhór tíortha forbartha.

Tá rátaí iarchuir thar a bheith ard againn, go háirithe maidir le haemaglóibin agus bhí sé mar thoradh air seo go raibh easnaimh ar ghrúpaí fola áirithe i rith na bliana. D'earcaíomar breis is 20,000 deontóir nua in 2016 agus ba mhéadú 40% é seo i gcomparáid le 2015, ach ina ainneoin seo, bhíomar ag streachailt ar feadh cuid mhór den bhliain soláthar imleor a choinneáil. Bhí roinnt feachtais cur chun cinn ar siúl againn a raibh an-rath orthu, go háirithe nuair a tugadh isteach *Blood for Life Week* arís, an feachtas idirnáisiúnta *Missing Type* agus bhíomar i bhfad níos feiceálaí ar na hardáin dhigiteacha. D'fhostaíomar Cuideachta Chruthaitheach nua chomh maith agus tá súil againn go spreagfaidh sé seo suim nua i ndeonadh fola agus bhí cuid mhór oibre déanta ar phleanáil an fheachtais seo faoi dheireadh na bliana.

Rinneamar suirbhé i measc na foirne ag deireadh 2015 le fáil amach cé na tuairimí atá acu ar an eagraíocht mar thimpeallacht oibre, agus ó thaobh cumarsáide agus deiseanna forbartha de. Cuireadh na torthaí in iúl don fhoireann i rith 2016 agus faoi dheireadh na bliana, bhí plean gníomhaíochta á fhorbairt i gcomhar le hionadaithe foirne le déileáil leis na príomhcheisteanna a d'eascair ón suirbhé. Tá sé seo mar thosaíocht againn chomh maith agus é mar chuspóir ar leith i bPlean Straitéiseach 2017 – 2020.

Chríochnaigh an Plean Straitéiseach reatha ag deireadh 2016 agus forbraíodh an plean a bhí le teacht i gcomharbacht air i rith na bliana trí shraith ceardlann leis an mBord, EMT agus roinnt grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar son na foirne ar fud na heagraíochta. Chuir na seisiúin seo ionchur luachmhar ar fáil do Phlean 2017 – 2020 agus bhí an Plean seo le bheith faofa ag an mBord sa chuid luath de 2017. Cuirfear na nithe seo in iúl ar fud na heagraíochta ansin agus déanfar iad a chur i bhfeidhm i ngach aon réimse. Tá sé fíorthábhachtach go ndéanfar monatóireacht dhlúth ar an gcur i bhfeidhm le cinntiú nach gcaillfear an móiminteam ar son athrú a bhí le brath sna seisiúin.

Ceann de na ceisteanna ba mhó ar caitheadh cuid mhór ama leis ná an moladh athrú a dhéanamh ar na critéir dheonacháin a bhaineann le fir a bhuaileann craiceann le fir. Seo ábhar a ndearnadh plé forleathan air i SFÉ agus leis an Roinn Sláinte. D'eagraigh SFÉ comhdháil in Aibreán 2016 agus bhí cainteoirí ann ó chuid mhór de na Seirbhísí Fuilaistriúcháin a raibh na critéir athraithe acu, chuir siad a sonraí i láthair agus iad ag léiriú na réamhchásanna agus na n-iarchásanna. Bhí na sonraí seo fíorluachmhar i ligean do SFÉ athrú go bliain amháin a dhéanamh i gcás na bhfear a bhuaileann craiceann le fir. Bhí athruithe eile ann chomh maith a bhain le hionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha. Ghlac an tAire Sláinte leis an moladh seo agus socraíodh dáta feidhmithe in Eanáir 2017 lena aghaidh. Bhí an chuid is mó den obair seo stiúrtha ag an Dr Willy Murphy, ár Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch, agus táimid go mór faoi chomaoin aige as muid a stiúradh maidir leis an gceist chigilteach seo. Bhí deontóir ar leith againn a bhuaileann craiceann le

# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh


fir a lorg agus a fuair cead imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a thosú in aghaidh SFÉ maidir leis an gcosc fad saoil ar fhir a bhuaileann craiceann le fir a bheith ag deonadh fola. Socraíodh an cás mar gheall ar an athrú a bhí beartaithe ag SFÉ.Is ceist mhór í bainistíocht riosca ar fud gnóthaí. Rinne SFÉ cuid mhór oibre i rith na bliana chun an polasaí riosca agus an creat chun riosca a bhainistiú a mhíniú agus chun an clárlann riosca a chur in ord agus in eagar. Bhí athbhreithniú déanta air ag an EMT, an Coiste Iniúchóireachta agus Cloí agus ag an mBord chomh maith. Rinneamar cleachtadh deisce chomh maith ar an BCP le fáil amach ar oibrigh sé. B'fhiúntach an cleachtas é agus d'aimsíomar roinnt ceisteanna ar ghá díriú orthu agus rinneadh seo faoi dheireadh na bliana.

Tharla roinnt athruithe i measc an phríomhphearsanra in 2016. D'éirigh an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch agus an Stiúrthóir Oibríochtaí as a bpoist agus rachaidh an Comhairleach atá freagrach as tástáil ar scor in Eanáir 2017. Chuir siad seo go mór le hobair SFÉ agus thug siad isteach cuid mhór gnéithe nuálaíocha, athruithe ar an gcaoi a ndearnamar gnó agus bhí líonra leathan piaraí idirnáisiúnta acu a bhí thar a bheith úsáideach do SFÉ. Gabhaim buíochas ó chroí leo as a dtiomantas, a ndíograis agus a ngairmiúlacht le linn dóibh a bheith ag obair i SFÉ agus guímid rath orthu amach anseo.

Is eagraíocht í SFÉ atá á stiúradh ag daoine agus ní féidir léi feidhmiú gan díograis agus gairmiúlacht na foirne go léir. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann go léir a chinntigh trína n-iarrachtaí go leanaimid d'fhuil agus táirgí fola a sholáthar de réir an chaighdeáin is airde. Caithfimid leanúint de bheith nuálaíoch agus smaointe nua a chur i bhfeidhm inár gcuid oibre ar mhaith leis na hothair agus na deontóirí a bhfreastalaímid orthu.

**Andrew Kelly**
Príomhfheidhmeannach

# Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis agus Eolaíoch



**"Bhí bliain thar a bheith gnóthach ag SFÉ in 2016 agus iad ag tabhairt faoi leigheas athghiniúnach den chéad uair."**

# Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis agus Eolaíoch

D'fhéadfadh dúshláin nua maidir le fuilaistriú teacht aníos gan choinne. Tugadh ceadúnas d'antasubstaint mhonaclónach nua darb ainm Daratumumab san Eoraip in 2016 lena ndéantar mialóma iolrach (ailse fola) a chóireáil. Tá an chuma air gur dul chun cinn atá sa druga seo i gcóireáil mialóma, agus is maith an nuacht é sin do na hothair sin atá thíos leis an riocht sláinte seo. Ach cuireann sé isteach ar thástáil réamh-fuilaistriúcháin othar, rud a d'fhéadfadh antasubstaint ceall dearg a cheilt agus d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le frithghníomh trom fuilaistriúcháin.

Tairgeann SFÉ seirbhís atreoraithe le haghaidh haemaiteolaíocht imdhíonachta ceall dearg d'othair a bhfuil riachtanais chasta fuilaistriúcháin orthu agus d'aithin siad an gá le bealaí cuir chuige a imscrúdú ar mhaithe le leanúint d'fhuilaistriú a chur ar fáil go sábháilte mar thacaíocht d'othair a úsáideann an druga seo. Tá cur síos déanta ag taighdeoirí go hidirnáisiúnta ar roinnt modhanna le cur in aghaidh an chuir isteach seo. Bhain Saotharlann Diagnóisice SFÉ i mBaile Átha Cliath úsáid as a scileanna teicniúla agus rinne measúnú ar roinnt modhanna sula raibh an druga ar fáil d'othair in Éirinn. Bhí sé mar thoradh air seo go raibh an dá ionad de chuid SFÉ i gCorcaigh agus Baile Átha Cliath in ann seirbhís crosmheaitseála a chur ar fáil d'othair de réir mar a cuireadh ar fáil í ar bhonn úsáide atruaiche.

Tá SFÉ ag leanúint d'obair ar acmhainn ghéineolaíochta grúpaí fola a thabhairt isteach agus a fhorbairt. Tosaíodh staidéar comhoibríoch leis an Ospidéal Náisiúnta Máithreachais agus Ospidéal an Rotunda in 2016 agus tá sé ar siúl go fóill agus é mar aidhm leis tíopáil neamhionrach fhéatach RHD a thabhairt isteach mar sheirbhís. Úsáidí pleanáilte eile atá i gceist ná tástáil ghéiniteach grúpaí fola d'othair (m.sh. géinitíopáil lag D, géinitíopáil RHD/RHCE d'othair 'haemoglobinopathy') agus do dheontóirí le ligean d'aitheantas ard tréchuir grúpaí fola neamhchoitianta a cheadú.

Bhí bliain thar a bheith gnóthach ag SFÉ in 2016 agus iad ag tabhairt faoi leigheas athghiniúnach den chéad uair. Is disciplín éiritheach thar a bheith spreagúil é Leigheas Athghiniúnach a bhfuil sé mar aidhm leis cóireálacha nuálaíocha a fhorbairt ar mhaithe le fíocháin a bhfuil dochar déanta dóibh agus a bhfuil galair orthu a dheisiú agus a athghiniúint. Is gnách go mbaineann an teiripic seo leas as gaschealla. Tá dul chun cinn mór déanta go domhanda ó thaobh taighde gascheall agus leigheas saincheaptha athghiniúnach de agus réitíonn forbairt na disciplíne seo go breá le Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann. Tá cuid mhaith sineirgí idir fuil agus fíochán agus tá cuid mhór bainc fíocháin mar chuid den tseirbhís náisiúnta fola ar fud an domhain. Tá an banc fíocháin is mó in Éirinn ag SFÉ, agus é suite ina ceanncheathrú i mBaile Átha Cliath agus leantar de mhéadú a dhéanamh ar réimse na seirbhísí fíocháin a chuireann SFÉ ar fáil bliain i ndiaidh bliana.

Ag tús 2016, bhí cigireacht déanta ag an ÚRTS ar an mbanc fíocháin agus tugadh ceadúnas GMP dó le ligean dó gaschealla liombacha a tháirgeadh. Ní raibh an chóireáil seo ar fáil in Éirinn go dtí sin, mar sin is cor tábhacht é seo i bhforbairt na seirbhísí d'othair Éireannacha agus tá an-bhród ar SFÉ as a bheith bainteach leis. Chruthaigh SFÉ dhá

nódú liombacha gascheall in 2016 lenar tugadh radharc a súl ar ais do bheith othar. Bhí an t-éacht seo mar thoradh ar na blianta fada taighde agus forbartha agus iad maoinithe go príomha ag SFÉ agus ag tiomnacht a bhí tugtha don Bhanc Súl ag tabharthóir flaithiúil. Tá dul chun cinn ollmhór á dhéanamh trí leigheas athghiniúnach san eolaíocht, teicneolaíocht, sláinte agus leigheas agus is mór an t-ábhar sásaimh é a bheith in ann an taighde seo a chur ina chóireáil chun leas othair na hÉireann. Tá cuid mhór cóireálacha eile gascheall á n-imscrúdú i láthair na huaire agus tá an taighde ag léiriú go bhfuil acmhainneacht ag baint leis sna trialacha cliniciúla atá ar siúl. Tá acmhainneacht ag baint leis an dul chun cinn seo le haghaidh forbairt cóireálacha nuálaíocha gortuithe agus tinneas amach anseo.

Leantar d'fhorbairt leighis athghiniúnaigh go tapa agus tá SFÉ ullamh go maith anois le táirgí agus seirbhísí breise a chur ar fáil do chliniceoirí agus othair Éireannacha.Bhí SFÉ an-sásta comhoibriú a thosú leis an aonad dónna in Ospidéal San Séamas agus cabhrú le craiceann daonna a chur ar fáil chun cóir leighis a chur ar dhónna troma chomh maith.

**An tOll Ian Hann MD FRCP FRCPath FRCPCH FRCPEd FRCPGlas FRCPI**
An Stiúrthóir Gníomhach Leighis agus EolaíochMCRN: 400427




# Oibríochtaí

“Bhí foirne Léig SSE Airtricity páirteach sa mhéid seo chomh maith nuair a sheas captaein an dá fhoireann le haghaidh grianghraif roimh thús an chluiche le réiteoirí urraithe Giveblood, agus bhí corn sheachtain ‘Blood 4 life’ ina nglaic acu go léir.”

# Seirbhísí do Dheontóirí




### Seachtain 'Blood 4 Life'

Reáchtáil SFÉ seachtain 'Blood 4 Life' i Meitheamh 2016 chun feasacht a mhúscailt ar an ngá le tuilleadh deonacháin fola, go háirithe ó dhaoine óga. Chuimsigh an tseachtain cur chun cinn ar feadh na seachtaine go léir ar sheó Nicky Byrne agus Jenny Greene ar 2FM, agus an 'roadcaster' i láthair ag ár gclinic ar Shráid D'Olier ar Lá domhanda na nDeontóirí Fola mar chuid de seo.

Bhí foirne Léig SSE Airtricity páirteach sa mhéid seo chomh maith nuair a sheas captaein an dá fhoireann le haghaidh grianghraif roimh thús an chluiche le réiteoirí urraithe Giveblood, agus bhí corn sheachtain 'Blood 4 life' ina nglaic acu go léir. Bhí an cluiche idir Dún Dealgan agus Corcaigh a bhí beo ar RTÉ mar chuid de seo.

### An Feachtas #MissingType

Bhí ríméad ar SFÉ páirt a ghlacadh san fheachtas idirnáisiúnta #missingtype in éineacht le hionaid fola ar fud na cruinne. Agus A, B agus Onna bainte againn d'ainmneacha brandaí agus comharthaí, bhíomar in ann ceist a chur céard a tharlódh mura mbeadh soláthairtí grúpaí fola A, B nó O ar fáil. Agus tacaíocht ollmhór faighte againn ó chuideachtaí agus eagraíochtaí amhail CLG, Fáilte Éireann, Turasóireacht Bhaile Átha Cliath, Paddy Power, The Irish Mirror, Iarnród Éireann agus cuid mhór cuideachtaí eile, bhíomar ar an dream ba mhó chun tosaigh ar na meáin shóisialta. Bhí an-rath ar an bhfeachtas digiteach agus é ag cur ár dteachtaireachta in iúl do dhaoine óga go háirithe, agus bhí cur chun cinn eile neamhdhigiteach i gceist chomh maith. Thug sé deis do dheontóirí léiriú do dhaoine eile gur dheonaigh siad fuil (smaoineamh ar mian linn leanúint de in 2017) trí fhéiníní a phostáil ar chláir féiníní grúpaí fola i gceaintíní ár gclinicí fola chomh maith.

Mar chuid den fheachtas, bhí sé mar aidhm againn méadú 20,000 a dhéanamh ar líon na ndeontóirí céaduaire a bhíonn ag freastal ar ár gclinicí i rith 2016. Baineadh seo amach faoi mhí na Nollag agus b'ionann seo agus méadú 40% i gcomparáid le 2015.

### Feachtais fógraíochta

Agus cás dúshlánach ann i rith na bliana go léir mar gheall ar an ráta ard iarchuir sna clinicí, bhí roinnt feachtais fógraíochta théamacha á reáchtáil againn ag amanna éagsúla i rith na bliana ar mhaithe le tinreamh a mhéadú. Tá fógraíocht déanta againn ar raidió náisiúnta agus áitiúil chomh maith le fógraíocht dhigiteach ar shuíomhanna gréasáin agus aipeanna a bhfuil tóir orthu. Ar na feachtais a bhí ann, bhí 'Christmas has left us drained' agus 'Be a good egg for Easter'. Bhí roinnt clinicí breise ar oscailt againn go náisiúnta ar an Domhnach chomh maith le linn na bhfeachtas seo le cur ar chumas na ndeontóirí tuilleadh fola a dheonú. Bhí an t-ádh orainn chomh maith tacaíocht na meán a fháil chun ár dteachtaireacht a chraobhscaoileadh nuair ba ghá.






# Seirbhísí do Dheontóirí




## SFÉ agus 1916 – Donation. Once. Again.

Is iontach an rud é go bhfuil deontóir againn amhail Brendan Plunkett a thug a chéadú deonachán fola ag ár gclinic sráide ar Shráid D'Olier roimh dheireadh seachtaine an cheiliúrtha ar an Éirí Amach, áit nach raibh i bhfad ó ionad géillte cheannairí 1916 i dteach sheantuismitheoirí Brendan ar Shráid an Mhúraigh.

## Deontóirí fola O diúltach Nua-Naíoch a ghníomhachtú arís – 206,460 people can't save her life. You can.

Bhí feachtas speisialta margaíochta dírí á reáchtáil againn chun deontóirí a bhfuil fuil O diúltach acu a spreagadh arís, fuil atá thar a bheith oiriúnach d'fhuilaistriú do pháistí atá an-óg. Ní féidir ach fuil nach bhfuil níos sine ná cúig lá a úsáid i gcás na bpáistí seo, mar sin is annamh go mbíonn comhoiriúnacht nua-naíoch O Diúltach i gceist, ach ar ndóigh tá sí thar a bheith luachmhar, agus is gá dúinn tuilleadh de na deontóirí seo a earcú chun gur féidir linn fuil nua-naíoch sheachtainiúil a sholáthar do na hospidéil.

Deontóirí nár dheonaigh fuil le déanaí a spreagadh arís – Ar mhaith leat beo daoine a shábháil arís?
Thosaigh SFÉ feachtas ríomhphoist chun deontóirí a athghníomhachtú arís, is é sin, deontóirí nár dheonaigh fuil le dhá bhliain anuas. Bhí an-rath air seo i líonadh na bearna deontóirí iarchurtha nárbh fhéidir leo deonú.

Díriú ar mhargaíocht dhigiteach agus na meáin shóisialta
Mhéadaigh SFÉ a fócas i rith na bliana ar chumarsáid dhigiteach le deontóirí, go háirithe trí Facebook agus Twitter i rith feachtais promóisin. Tá breis is 90,000 leantóir ag ár leathanach ar Facebook agus úsáidtear é chun freagraí a thabhairt ar chuid mhór tráchtanna agus ceisteanna a chuireann deontóirí orainn gach lá. Tá an teagmháil seo le deontóirí tar éis cur ar ár gcumas eispéireas deontóirí agus othar a roinnt le grúpa daoine níos leithne agus teachtaireacht agus tairbhí deonaithe fola a chur chun cinn tuilleadh.

## Comhpháirtíochtaí

Bhí an t-ádh orainn oibriú leis an deontóir pláitíní Paul Byrne ó na Fórsaí Cosanta, fear a rith i Maratón Bhaile Átha Cliath le cúnamh Airtricity i gcuimhne ar a athair Martin a fuair pláitíní agus fuil nuair a bhí sé tinn. Ghlac Paul páirt chomh maith i Rás Cuimhneacháin 'Give Platelets', rud a bhí urraithe ag SFÉ, ar a son siúd atá imithe ar shlí na fírinne, in éineacht le Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann i mí na Samhna.

Leanadh dár gcomhpháirtíocht shuntasach le Vodafone agus iad ag íoc as costas an dhá mhilliún téacs nach mór a sheolaimid amach go bliantúil.

## Searmanais Bronnta do Dheontóirí


D'fhreastail an tUachtarán Michael D Higgins ar an searmanas bronnta do dheontóirí le haghaidh deontóirí céad uair i mí an Mheithimh. Bhí searmanais ar siúl chomh maith naoi n-uaire eile ar fud na tíre.


**Gradaim do Dheontóirí in 2016**

| | 50anna | 100anna | Searmanais |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 190 | 12 | 2 |
| Luimneach | 169 | 12 | 1 |
| Baile Átha Fhirdhia | 78 | 7 | 1 |
| Baile Átha Cliath Soghluaiste | 398 | 79 | 3 |
| Corcaigh | 218 | 43 | 2 |
| Tuaim | 81 | 4 | 1 |
| **Iomlán** | **1134** | **157** | **10** |


# Staidreamh Deontóirí

## Deontóirí 2015 i gcomparáid le 2016








## Deonacháin Lánfhola de réir Deontóirí 2016





(Tabhair do d'aire: tá deontóirí a dheonaíonn fuil 4+ huaire ar an bpainéal haemacrómatóise)

## Líon deontóirí in aghaidh an mhíle duine




# Staidreamh Deontóirí


## Deontóirí Lánfhola de réir Inscne




## Deontóirí Lánfhola de réir Aoise




## Deontóirí Lánfhola de réir Grúpa Fola



# Próiseáil agus Seirbhísí Ospidéil




Is éard atá i rannóg na Seirbhísí Próiseála agus Ospidéil de Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (SFÉ) ná an tSaotharlann Comhchodanna, an tSaotharlann Forbartha Táirgí, agus an Rannóg Seirbhísí Ospidéil san Ionad Náisiúnta Fola (INF) i mBaile Átha Cliath, chomh maith leis an tSaotharlann Comhchodanna agus na Seirbhísí Ospidéil in Ionad Chorcaí.

Tá Saotharlann Comhchodanna an INF freagrach as an lánfhuil a bhailítear go náisiúnta agus na deonacháin aifiréis pláitíní a bhailítear san INF a phróiseáil, a lipéadú, agus a chur i dtaisce, as pláitíní taiscthe a ullmhú agus as lánfhuil neamhrialta, orduithe ceall dearg agus na horduithe pláitíní go léir a fhaightear sa INF a eisiúint. Tá an tSaotharlann Comhchodanna in Ionad Chorcaí freagrach as na deonacháin aifiréis pláitíní a bhailítear sa MRTC a phróiseáil, a lipéadú agus a chur i dtaisce agus déanann siad bainistiú chomh maith ar na haonaid choinneála stoic atá san Ionad.Tá an Rannóg Seirbhísí Ospidéil san INF agus i gCorcaigh freagrach as orduithe leictreonacha a fháil ó na hospidéil agus as táirgí a eisiúint de bhun na n-orduithe sin.

### Seirbhísí Ospidéil

Tá an Rannóg Seirbhísí Ospidéil (RSO) san INF freagrach as gach ordú leictreonach a fháil ó na hospidéil a fhaigheann soláthairtí ón INF agus as eisiúint na dtáirgí go léir ón INF. Roghnaíonn agus eisíonn foireann an RSO gach táirge rialta ceall dearg agus tá Eolaithe Leighis na Saotharlainne Comhchodanna freagrach as gach táirge pláitíní agus gach táirge neamhrialta lánfhola agus ceall dearg a roghnú agus a eisiúint.Tá Seirbhísí Ospidéil Chorcaí freagrach as gach táirge rialta ceall dearg a roghnú agus a eisiúint, agus tá Saotharlann Crosmheaitseála Chorcaí freagrach as gach táirge pláitíní agus gach táirge neamhchaighdeánach lánfhola agus táirge ceall dearg a roghnú agus a eisiúint.

Fuarthas iomlán 33,414 ordú táirge go leictreonach in 2016. Astu seo, fuarthas 27,257 acu san INF agus fuarthas 6157 acu i gCorcaigh. Bhí gach ordú a fuarthas á bhainistiú trí chomhoibriú dlúth idir an tSaotharlann Comhchodanna agus an pearsanra Seirbhísí Ospidéil san INF agus idir an pearsanra Comhchodanna, Seirbhísí Ospidéil agus Crosmheaitseála in Ionad Chorcaí.


Cuireadh pátrún athmheasta uainchláir i bhfeidhm sa Rannóg Seirbhísí Ospidéil san INF ar 16 Aibreán 2016. Ba é seo an chéim dheireanach den tionscadal Comhchodanna/athstruchtúraithe RSO. Thug an t-uainchlár nua ar an seisear Oifigigh Soláthairtí go léir clúdach lae agus oíche/deireadh seachtaine a dhéanamh sa cheantar. Déanann an seisear seo go léir sealaíocht le chéile ar fud na bpátrún oibre go léir. Sula ndearnadh an t-athrú seo, bhí an clúdach oíche/deireadh seachtaine déanta ag beirt den fhoireann a bhí sannta go buan don ról sin agus d'oibrigh na baill foirne a bhí fágtha de réir uainchláir chun na laethanta ó Luan go hAoine a chlúdach.

# Próiseáil agus Seirbhísí Ospidéil

### An tSaotharlann Comhchodanna

Próiseáladh iomlán 129,073 deonachán lánfhola san INF in 2016. Íslíú 2.92% a bhí anseo ar an líon a próiseáladh in 2015.


## Deonacháin Lánfhola a Próiseáladh





Is éard a bhí sa táirgeadh pláitíní ná 10,763 deonachán aifiréise a bailíodh go náisiúnta agus 5,639 pláitín taiscthe a ullmhaíodh san INF. Bailíodh agus próiseáladh na deonacháin aifiréise sa dá ionad, agus próiseáladh 75% díobh san INF agus 25% díobh i gCorcaigh.

Tháinig iomlán 21,243 dáileog ineisithe ón 10,763 deonachán aifiréis pláitíní. Is ionann seo agus ráta deonacháin 1.97 in aghaidh dáileoige, ráta a mhéadaigh go 2.03 nuair a fágadh deonacháin nárbh fhéidir a úsáid go teicniúil (313 deonachán) as an áireamh. As iomlán na ndeonachán táirgiúil aifiréis pláitíní, bhí 52.2% díobh oiriúnach d'úsáid daoine fásta amháin agus bhí 47.8% díobh oiriúnach d'úsáid daoine fásta agus nua-naíoch.

## Deonacháin Aifiréise de réir Cineál Fleibeatóime





## Dáileoga Aifiréis Pláitíní de réir Cineál Fleibeatóime



# Próiseáil agus Seirbhísí Ospidéil

As an 21,243 dáileog aifiréis pláitíní a ullmhaíodh agus a d'fhéadfaí a eisiúint, bhí 10,210 (48.1%) díobh oiriúnach le haghaidh úsáid nua-naíoch, agus 11,033 (51.9%) díobh oiriúnach le haghaidh úsáid do dhaoine fásta amháin.

## Deonacháin Aifiréise de réir Cineál Deonacháin



# Próiseáil agus Seirbhísí Ospidéil

Próiseáladh na deonacháin lánfhola chun na táirgí príomha agus tánaisteacha seo a leanas a chruthú:

| Príomhtháirge | An líon a ullmhaíodh | Dáilte |
|---|---|---|
| Lánfhuil agus Cealla Dearga | | |
| Lánfhuil le haghaidh úsáid nua-naíoch | 1,666 | 2 |
| Tiúchan Ceall Dearg | 113,894 | 116,936 |
| Tiúchan Ceall Dearg le haghaidh úsáid nua-naíoch | 10,399 | 7,842 |
| Cealla Dearga, Téachta | 2 | Neamhbhainteach |
| Táirgí Plasma | | |
| Plasma Úr Reoite, Scagtha | 12 | 0 |
| Plasma Úr Reoite le haghaidh úsáid nua-naíoch | 175 | 0 |
| Plasma Úr Reoite le haghaidh Táirgeadh Crióidheascáin | 0 | Neamhbhainteach |
| Plasma Úr Reoite le haghaidh Crióidheascáin d'úsáid nua-naíoch | 360 | Neamhbhainteach |
| Séiream do Dheora | 2 | 2 |
| Plasma Úr Reoite le haghaidh úsáid IVD | 123,886 | Neamhbhainteach |
| Cisil Bhánbhuí | | |
| Leocaicítí, Ciseal Bánbhuí le haghaidh táirgeadh pláitíní taiscthe | 30,117 | Neamhbhainteach |
| Leocaicítí, Ciseal Bánbhuí | 3,347 | Neamhbhainteach |

| Táirge Tánaisteach | An líon a ullmhaíodh | Dáilte |
|---|---|---|
| Cealla Dearga | | |
| Cill Dhearg Curtha ar Fuaidreamh Arís | 941 | 874 |
| Cealla Dearga Nite | 50 | 39 |
| Cealla Dearga Leáite/Nite | 0 | 0 |
| Cealla Dearga le haghaidh IUT | 28 | 28 |
| Cealla Dearga, Plasma Laghdaithe | 593 | 450 |
| Cealla Dearga Roinnte le haghaidh Úsáid Nua-Naíoch | 952 | 834 |
| Cill Dhearg, Ionradaithe | 15,751 | 15,337 |
| Táirgí Plasma | | |
| Plasma Criólaghdaithe | 167 | 0 |
| Crióidheascán le haghaidh úsáid nua-naíoch | 167 | 113 |
| Táirgí Pláitíní | | |
| Pláitíní, Nite | 87 | 86 |
| Pláitíní, Dáileog Phéidiatraiceach | 11 | 12 |
| Pláitíní, Forthiubhaithe | 0 | 0 |
| Pláitíní, Saol Sínte | 8,634 | N/A |
| Pláitíní taiscthe | 5,639 | 4,775 |
| Pláitíní aifiréise | 21,243 | 17,777 |
| Cisil Bhánbhuí | | |
| Leocaicítí, Taiscthe | 0 | 0 |
| Leocaicítí, Taiscthe, Laghdú ar Líon na gCeall Dearg | 0 | 0 |

Tabhair do d'aire, le do thoil, nach mbeidh an méid a táirgeadh ag teacht leis an méid a dáileadh mar gheall ar stoc ag teacht isteach a bhí ar fáil ó 2015 ach a eisíodh in 2016.

Seo a leanas na táirgí monaraithe a dáileadh go náisiúnta in 2016:

| Táirge | Dáilte |
|---|---|
| Riastap 1g | 6437 |
| Octaplex 500 | 16 |
| LG Octaplas O | 10,050 |
| LG Octaplas A | 5,124 |
| LG Octaplas B | 1,945 |
| LG Octaplas AB | 320 |
| Uniplas | 450 |
| Rhophylac | 9 |

# Tástáil



# TAN

## An tSaotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh (TAN)

Tá an tSaotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh (TAN) suite ag an INF agus cuireann sí tástáil náisiúnta mhóilíneach ar dheonacháin fola ó gach ionad de SFÉ ar fáil. Braitheann TAN RNA/ADN víreasach agus úsáidtear é chun pataiginí a iompraítear i bhfuil a aithint a bhfuil an seans ann nach mbeidís braite trí na measúnuithe reatha formheasta séireolaíocha .i. i rith na gcéimeanna is luaithe d'ionfhabhtú nó tréimhse na fuinneoige réamh-shéireachomhshó.

Déanann saotharlann TAN Deonachán Indibhidiúil (DI) -TAN trí úsáid ardán Panther i gcomhar le measúnacht Ultrio Elite. Is córas dúnta uathoibríoch iomlán é an gaireas Panther a dhéanann tástáil TAN trí iliomad measúnuithe. Is measúnú ilphléacsach Ollmhéadaithe trí Mheán Tras-Scríofa (OMT) é measúnú Procleix Ultrio Elite chun Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna Chineál 1 agus 2 (HIV-1/2) RNA, víreas Heipitíteas C (VHC) RNA agus víreas Heipitíteas B (VHB) DNA a bhrath i bplasma daonna. Tugadh isteach measúnacht Ultrio Elite mar mheasúnacht thríphléacsach tríú glúin chun íogaire i leith VEID cineál 2 RNA a bhrath a chur san áireamh go sonrach ar chóras Panther.

Braitheann measúnú Procleix le haghaidh Víreas na Níle Thiar (VNT) RNA VNT leibhéil ísil go hiontaofa i ndeonacháin fola trí ardán Panther. Sular tugadh seo isteach, cuireadh siar deonadh fola na ndaoine sin a thaisteal go háit bhaolach VNT le 28 lá anuas. Tugadh isteach tástáil roghnach deonacháin fola ar VNT mar mhalairt ar an iarchur geografach deontóirí 28 lá ó 2 Meitheamh 2015 go 3 Eanáir 2016.

In 2014 rinne saotharlann TAN staidéar taighde chun feidhmiú mheasúnachta víreas Procleix Heipitíteas E ar ghaireas Panther a mheas agus chun tarluithe HEV RNA i ndeontóirí Éireannacha a fháil amach. Bunaithe ar staidéir taighde SFÉ, tá séirealeitheadúlacht frith-IgG HEV 5.3% táscach go raibh fabhtú ann cheana, agus is é leitheadúlacht víréime HEV ná 1 as 5,000 deontóir Éireannach. Cuireadh scagthástáil uilíoch HEV RNA ar dheonacháin SFÉ i bhfeidhm ar an Luan 4 Eanáir 2016 ar feadh tréimhse thosaigh trí bliana (agus an maoiniú faofa ag an Roinn Sláinte).

Cinntíonn Rialú Cáilíochta Tástála TAN monatóireacht chruinn ar leochaileacht anailíseach agus in-atáirgtheacht ó thaobh measúnú scagthástála fola TAN de. Úsáidtear samplaí Rialaithe Sheachtraigh Cáilíochta (RSCanna) chomh maith chun monatóireacht a dhéanamh ar oilteacht agus comhsheasmhacht theicniúil in íogaire baisceanna imoibrithe. Cuimsíonn measúnachtaí Grifols Procleix Calabróirí agus Rialú Inmheánach (RI). Úsáidtear RI chun próiseáil samplaí, aimpliú agus céimeanna braite a rialú, agus úsáidtear é le cinntiú go bhfuil gach próiseas tástála déantúsóra á n-oibriú i gceart. Caithfidh sonraí calabróra cloí le sonraíochtaí measúnachta. Ghlac saotharlann TAN páirt in iliomad Scéimeanna Measúnacht Cáilíochta Seachtraí (SMCS) in 2016 agus níor tuairiscíodh aon neamhréir. Ligeann comparáidí idir saotharlanna trí úsáid bhogearraí EDCNet (An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha agus Séireolaíochta, SNT, an Astráil, www.nrlqa.net) dúinn athbhreithniú piaraí a dhéanamh le húsáideoirí eile Panther/Ultrio Elite agus WNV ar fud an domhain. Tá saotharlann TAN tiomanta d'fheabhsú leanúnach ar phróiseas TAN,

# An tSaotharlann Víreolaíochta

mar a bhí léirithe ag cur i bhfeidhm gníomhartha Ceartaitheacha agus Coisctheacha mar thoradh ar Thuairiscí Teagmhas Cáilíochta agus tuairiscí Iniúchóireachta Inmheánaí.

Is é feidhm na Saotharlainne Víreolaíochta ag an INF ná scagthástáil ollmhór ar dheonacháin fola le haghaidh galar in-tarchurtha aistrithe fola Faigheann an tsaotharlann Víreolaíochta sampla séirim théachta ó gach deontóir, agus é tógtha ag am an deonacháin, rud a aithnítear le haitheantóir barrachóid uathúil, agus iompraítear gach sampla ó na clinicí do dheontóirí fola go dtí an INF thar oíche agus déantar tástáil orthu an lá dár gcionn.

Déantar tástáil ar an sampla le fáil amach an bhfuil marcóirí víreasacha ar leith ann a d'fhéadfaí a tharchur trí aistriú fola. Tástáladh tuairim is 139,368 sampla deonacháin in 2016, mar aon le 2,458 sampla tástála céaduaire ó dhaoine nár dheontóirí iad.

Déantar na tástálacha séireolaíochta seo a leanas sa tsaotharlann víreolaíochta agus tá siad éigeantach i gcás na ndeonachán go léir.

- antaigin dromchla Heipitíteas B (HBsAg) agus antasubstaint in aghaidh phríomh-antasubstaint Heipitíteas B
- antaigin/antasubstaint in aghaidh an Víris Easpa Imdhíonachta Daonna 1/2
- antasubstaint in aghaidh víreas Heipitíteas C
- antasubstaint in aghaidh Víreas Daonna T-Lymphotropic I & II
- antasubstaint in aghaidh *Treponema Pallidum*, gníomhaí cúiseach Gallbholgaí

Tástáiltear deonacháin roghnaithe le haghaidh Cítimeigilivíris (CMV) ionas go mbíonn soláthar deonacháin Cítimeigilivíris dhiúltaigh ann do na hothair siúd a bhfuil sé de dhíth orthu m.sh. othair atá imdhíon-lagaithe.

Cuirtear lipéid ar na comhchodanna fola ón deontóir fad is atá gach tástáil críochnaithe agus go bhfaightear torthaí sásúla i saotharlanna tástála uile SFÉ.

Déantar na tástálacha seo le trealamh uathoibrithe a chloíonn le cGMP (dea-chleachtas déantúsaíochta). Déantar scagthástáil le haghaidh na coda is mó de na víris seo ar an Abbott Prism, agus fearais tástála Abbott Prism á n-úsáid, agus tá córas Prism á úsáid i SFÉ ó Mheitheamh 1997. Is uirlis scagthástála fola ardtoirte ilchainéalach é Abbott Prism atá uathoibrithe go hiomlán, agus é ceaptha go sonrach don mhargadh scagthástála deonacháin fola. Cloíonn sé go hiomlán leis an dea-chleachtas déantúsaíochta (GMP) agus is féidir leis 180 sampla a phróiseáil san uair. Thug SFÉ isteach measúnacht níos íogaire in 2016, is é sin, Abbott Prism HIV Ag/Ab, in áit Abbott Prism HIV O Plus a bhfuil antasubstaintí amháin ag baint leis.

Déantar scagthástáil le haghaidh Bolgaí agus Cítimeigilivíris (CMV) ar phróiseálaí DiaSorin ETImax.

Déanann an tsaotharlann scagthástáil chomh maith le haghaidh marcóirí víreasacha do rannóga éagsúla i SFÉ, lena n-áirítear deontóirí gascheall, deontóirí fíochán comhla croí agus samplaí ó chláir tástála rianaithe faighteoirí

Tá an tsaotharlann Víreolaíochta freagrach chomh maith as atreorú agus tuairisciú samplaí frithghníomhacha athuaire (TAN san áireamh) ó na cláir do dheontóirí agus do dhaoine nach deontóirí iad chuig an tSaotharlann Tagartha Náisiúnta Víreas (STNV) agus an tSaotharlann Lárnach Paiteolaíochta (SLP) in Ospidéal San Séamas le haghaidh tástáil deimhniúcháin/bhreise.

Caithfidh an tSaotharlann Víreolaíochta a chinntiú go mbaintear amach feidhmíocht ionchasach measúnuithe tríd an tástáil réamhghlactha chuí baisce a dhéanamh, agus trí chaighdeáin ón Institiúid Náisiúnta Caighdeáin Bhitheolaíochta agus Rialúchán sa Ríocht Aontaithe a úsáid, agus rialúchán ilmharcóra ón tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Séireolaíochta san Astráil (an SNT, an Astráil) "Acrometrix Q Connect Purple" mar rialúcháin ceadaithe/diúltaithe ar gach tástáil. Úsáidtear na caighdeáin rialaithe cáilíochta seo chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhsheasmhacht na feidhmíochta tástála trí rialú próiseas staidrimh go laethúil, agus de réir a chéile, mar mhonatóir siarghabhálach ar fheidhmíocht baisceanna. Bíonn an tsaotharlann páirteach i gclár monatóireachta a ligeann do SFÉ comparáid a dhéanamh idir torthaí anseo agus in Ionaid Fola sa Ríocht Aontaithe.

Tá an tsaotharlann páirteach chomh maith sa chlár faireachais atá á reáchtáil ag Aonad Eipidéimeolaíochta Fhuil agus Thrasphlandú na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte (FTSNS)/Gníomhaireacht um Chosaint Sláinte sa RA. Déantar monatóireacht ar na rátaí frithghníomhaithe athfhilltigh agus na rátaí deimhnithe dearfacha le haghaidh fearais tástála trí uimhreacha éagsúla míre imoibrithe le FTSNS a úsáid. Gintear tuairisc mar fhógra a shonraíonn feidhmíocht mheasúnachta agus treochtaí sna rátaí frithghníomhaithe.

Glacann an tsaotharlann Víreolaíochta páirt i dtrí chlár oilteachta, ceann amháin a bhíonn scaipthe ag Seirbhís Náisiúnta Measúnaithe Sheachtraigh Cáilíochta na Ríochta Aontaithe (SNMSC RA) le haghaidh Micreabhitheolaíochta, an dara ceann ag an SNT, an Astráil, agus ceann eile ag an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte (SECLCS).

Tá plean tástála teagmhasachta seachtraí ag SFÉ i gcomhar le Seirbhís Fuilaistriúcháin Náisiúnta na hAlban (SFNA) ar eagla go dtarlódh teip mhór agus nach mbeadh an tsaotharlann Víreolaíochta in ann cuid áirithe/ar bith de na torthaí reatha éigeantacha Víreolaíochta a chur ar fáil. Bíonn an plean seo á thástáil ceithre huaire in aghaidh na bliana trí líon beag samplaí a sheoladh chuig SFNA le haghaidh tástáil Víreolaíochta. Níor ghá plean tástála teagmhasachta seachtraí SFNA a chur i bhfeidhm i rith 2016.

# SNTIH

## An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (SNTHI)


Cuireann an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (SNTHI) réimse cuimsitheach seirbhísí tástála cliniciúla ar fáil le tacú leis na cláir thrasphlandaithe gascheall fuilghinte allataigineach (TGFA) in Ospidéal San Séamus agus Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn. Is féidir TGFA a úsáid chun leocéimí, siondróim theipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ó bhroinn a chóireáil.

Cinneann an tsaotharlann cineál Antaigin Leocaicíte Dhaonna (ALD) gach othair agus deontóra (gaolmhar nó neamhghaolmhar) roimh thrasphlandú le cabhrú le roghnú deontóirí. Úsáideann an tsaotharlann modhanna atá go hiomlán móilíneach agus iad bunaithe ar an Imoibriú Slabhrúil Polaiméaráise (ISP) chun na géinte a ionchódaíonn na móilíní ALD a shainmhíniú. Is féidir leis an teicneolaíocht seo ardleibhéal taifigh a bhaint amach, rud a dhéanann idirdhealú idir ailléilí aonair na ngéinte ALD.

Tá clár cuimsitheach dearbhaithe cáilíochta ag an tsaotharlann, lena n-áirítear rannpháirtíocht i gcláir inmheánacha agus sheachtracha thástála oilteachta le haghaidh tíopáil ALD, Géinitíopáil Antaigin Pláitíní Dhaonna (APD) agus imscrúduithe antasubstainte ALD. Tá an SNTHI creidiúnaithe ag an gCónaidhm Eorpach um Imdhíon-ghéinitic (CEI) ó 2001.

Rinne an SNTHI tíopáil ALD in 2016 ar shamplaí ó 199 othar Éireannach le haghaidh trasphlandú féideartha gascheall fuilghinte agus rinne siad tíopáil ALD ar a ngaolta chomh maith in 2016. I gcás na n-othar sin nach bhfuil deontóir oiriúnach muinteartha acu, is féidir deontóir nach gaol é/í a

**Líon na nOthar Éireannach a fuair TGFA ó Dheontóir Neamhghaolmhar ó 2008 go dtí 2016**




aithint ón gclár deontóirí deonacha. Cuireann an SNTHI seirbhís tacaíochta imdhíon-ghéinitice ar fáil do Chlár Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ), agus rinne an tsaotharlann tíopáil ALD in 2016 ar 694 deontóir deonach nua le cur leis an gclár.

Le 9 mbliana anuas, tá an CSNÉ tar éis 375 trasphlandú deontóra neamhghaolmhair a éascú d'othair Éireannacha. Rinneadh iomlán 57 trasphlandú deontóra neamhghaolmhair in 2016. Daichead a sé acu in Ospidéal San Séamas agus aon cheann déag in Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn. Rinneadh daichead trasphlandú deontóir siblínigh freisin idir an dá ionad trasphlandaithe, agus iomlán 97 trasphlandú gaschealla fuilghinte in 2016.

Cuireann an SNTHI seirbhís rialta tíopála ALD gaol galair ar fáil chomh maith. Rinneadh 59% de na himscrúduithe a rinneadh in 2016 tríd an tseirbhís seo. Bíonn an chuid is mó de na samplaí tarchurtha le fáil amach cé acu an bhfuil nó nach bhfuil HLA-B27 iontu, rud a bhaineann le Spondailíteas Ancalósaithe; galar pianmhar forásach réamatach a théann i bhfeidhm ar an dromlach agus ar na hailt shaicriliacha go príomha.

Chomh maith leis sin, cuirtear seirbhís imdhíoneolaíochta pláitíní d'imscrúdú séireolaíoch trombaicítipéine nua-naíche alla-imdhíonaí (TNA), Galar Corcra Iar-Fhuilaistrithe (GCIF), athraontóireacht pláitíní, trombaicítipéiní alla-imdhíonacha agus frithghníomhartha tromchúiseacha díobhálacha ar fáil. Tá líon na n-imscrúduithe TNA mar an gcéanna le líon 2015.

## Dáileadh Imscrúduithe SNTIH




Bhí iomlán 290 deontóir pláitíní de chineál HLA-A agus -B, agus cuireadh iad san áireamh ar an bpainéal deontóirí pláitíní ar mhaithe le tacú le soláthar táirgí barrmhaith pláitíní do na hospidéil.

# An tSaotharlann Diagnóisice ag an INF

## An tSaotharlann Diagnóisice ag an INF

Cuireann an tSaotharlann Diagnóisice san INF seirbhísí Imdhíon-haemaiteolaíochta Ceall Dearg agus Réamhbhreithe ar fáil d'ospidéil ar fud na tíre.

Ar na seirbhísí a chuireann an tSaotharlann Diagnóisice ar fáil, tá:

- Feinitíopáil ceall dearg (nuair nach bhfuil aonaid feinitíoptha le fáil ar an tseilf)
- Soláthar fola trasmheaitseáilte d'othair a bhfuil antasubstaint chasta iontu, agus d'ospidéil nach bhfuil Saotharlanna Aistrithe Fola iontu.
- Imscrúdú antasubstaintí ceall dearg
- Imscrúdú Frithghníomhartha Haemalaíocha Aistrithe Fola
- Tíopáil ABO/R, lena n-áirítear imscrúdú ar aimhrialtachtaí grúpaí fola.
- Imscrúdú ar othair trí Thástálacha dearfacha Díreacha Antaglóbailine
- Imscrúdú Ainéime Uath-imdhíonachta Haemalaíche.
- Imscrúdú Galair Haemalaíoch an Fhéatais agus an Bhábaí Nuabheirthe (GHFBN).
- Scagthástáil Réamhbhreithe ar antasubstaintí ceall dearg chun toirchis atá i mbaol a aithint. (Cuimsíonn sé seo cainníochtú Frith-D, frith-c agus toirtmheascadh antasubstaintí atá suntasach go cliniciúil).
- Soláthar fola oiriúnaí ag an mbreith i gcás na dtoircheas i mbaol.
- Comhairle eolaíoch do chomhghleacaithe ospidéil.
- Feinitíopáil shínte d'othair a bhraitheann ar fhuilaistriú agus d'othair a bhfuil antasubstaint chasta ceall dearg iontu.
- Fuil neamhchoitianta a allmhairiú d'othair ainmnithe

### Gníomhaíocht Saotharlainne

Cuireadh iomlán 2444 sampla ar aghaidh chuig an tSaotharlann Diagnóisice in 2016, agus ba mhéadú 3% é seo i gcomparáid le 2015 agus ba é an líon ba mhó samplaí a tástáladh ó tosaíodh an staidreamh reatha in 2009.

Bhí méadú ar líon na samplaí i ngach aon chatagóir ach amháin cainníochtú frith-c. Laghdaigh líon na n-othar seo ó 50 in 2015 go 39 in 2016. Ó Dheireadh Fómhair go Nollaig 2016, cuireadh 36 sampla ar aghaidh chuig an STIGF le haghaidh aicmiú RhD de réir modhanna móilíneacha agus le haghaidh oibriú séireolaíoch ag SFÉ. Tháinig na samplaí seo ó mhná a bhféadfadh babaithe a bheith acu agus meastar tástáil mhóilíneach RhD a bheith níos sainiúla ná modhanna séireolaíocha maidir le difreáil

### Comparáid idir líon samplaí 2015 agus 2016

| | Líon iomlán samplaí a tástáladh | Saothrú Chineál RhD | Antasub-staint ID | Cainníochtú frith-D | Cainníochtú frith-C | Tástáil Chomhoir-iúnachta Iomlán | Tástáil Chomhoir-iúnachta Chasta |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **2015** | 2374 | 184 | 2171 | 643 | 244 | 441 | 395 |
| **2016** | 2444 | 199 | 2243 | 752 | 188 | 490 | 445 |
| **Ardú (%)** | 3% | 8% | 3.3% | 17% | -29.7% | 11% | 12.6% |

a dhéanamh idir fothíopaí difriúla laga D. Cuirfidh an tástáil seo eolas níos cruinne ar fáil faoina riachtanais maidir le húsáid fhéideartha a bhaint as frith-D próifiolacsach.

Fuarthas 273 sampla le haghaidh cainníochtú antasubstaintí inar tugadh frith-D próifiolacsach don othar. Tá na samplaí seo á gcur ar aghaidh anois tar éis fhoilsiú threoirlínte an CBCH (BCSH) in 2014 ar úsáid glóbailin imdhíonachta fhrith-D chun galar haemalaíoch an fhéatais agus an linbh nuabheirthe a chosc san áit a ndeir sé 'beag beann ar fhrith-D Ig ar bith a bheith tugtha roimhe sin, caithfear frith-D ar bith a bhraitear ag 28 seachtain a chainníochtú agus na torthaí a bheith curtha ar fáil'.

Mar atá tarlaithe i mblianta roimhe seo, tá ardleibhéal leanúnach de shamplaí á bhfáil atá deacair go séireolaíoch nó atá neamhchoitianta. Aithníodh na halla-antasubstaintí deacra nó neamhchoitianta seo a leanas tríd an INF in 2016.

| Antasubstaint | Othair | Atreoruithe |
|---|---|---|
| Frith-Chido/Rogers | 8 | 14 |
| Frith-f | 1 | 12 |
| Frith-Kpb | 2 | 2 |
| Frith-H | 1 | 1 |
| Frith-Vw | 1 | 1 |
| Frith-Wra | 5 | 6 |
| Bainteach le Cr1 | 4 | 4 |
| Frith-Ge2 | 1 | 1 |
| Tíopa HTLA eile | 7 | 13 |
| Bainteach le Rh | 1 | 1 |
| Frith-JMH | 1 | 6 |
| Bainteach le córas ar leith | 16 | 21 |
| Cur isteach Daratumumab | 19 | 68 |
| **Iomlán** | **67** | **150** |

Othair réamhbhreithe ab ea go leor de na hothair sin. I gcomhar leis an antasubstaint a aithint, bhí bainistiú le déanamh maidir leis an riosca GHFBN agus le riachtanais fola don mháthair agus don leanbh. Bhí rath ar na torthaí go léir go dtí seo.

Lean an tsaotharlann dá fardal Cealla agus Antaiséirim Tagartha Neamhchoitianta a fhorbairt (trína ballraíocht sa Líonra Malartaithe Idirnáisiúnta Séiream, Ceall agus Leachta Neamhchoitianta (SCLN) agus i Malartán Ceall an RA) agus tá sí tar éis barrfheabhsú a dhéanamh ar a modheolaíochtaí tástála le dul in oiriúint do dhéimeagrafaic athraitheach dhaonra na hÉireann.

Rinne an tsaotharlann measúnacht in 2016 ar roinnt modhanna chun an cur isteach a dhéanann an druga Daratumumab a mhaolú. Úsáideadh an druga seo den chéad uair in 2016 chun cóir leighis a chur ar othair a bhfuil Mialóma Iolrach orthu, ach cuireann sé isteach ar phríomhtástálacha séireolaíocha réamh-fhuilaistriúcháin. Cruthaíodh gurb é úsáid cealla dearga imoibrí atá cóiréailte le DTT an modh is oiriúnaí tar éis na measúnachta agus bhí bailíochtú déanta ar an modh seo trí mhodhanna feadáin agus cárta IAT. Tástáladh seasca is a hocht sampla ó naoi n-othar déag leis an modh seo in 2016.

## Allmhairiú Fola Neamhchoitianta/Táirgí

Níor allmhairíodh comhchodanna fola ar bith in 2016.

## Rannpháirtíocht i Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta Seachtraí

Bhí an Roinn Diagnóisice páirteach i 3 scéim dearbhaithe cáilíochta.
Bhí ceithre chleachtadh in SMSCÉ (IEQAS) agus in 'AQQAS', agus 10 gcleachtadh in SNMSC, agus bhí siad go léir inghlactha.

# Saotharlann Diagnóisice/ Trasmheaitseála Chorcaí

## Saotharlann Diagnóisice/ Trasmheaitseála Chorcaí

Cuireann an tsaotharlann diagnóisice in Ionad Chorcaí gnáthsheirbhísí agus seirbhísí tagartha imdhíonhaemaiteolaíochta agus saotharlainne ar fáil. Cuirtear na chéad chinn ar fáil d'Ospidéal Ollscoile na hOtharlainne Theas (OOOT), Ospidéal Naomh Fionnbarra, Ospidéal Príobháideach Mater i gCorcaigh agus Ospidéal/Ospís Ollscoile Chnoc Mhuire, chomh maith le seirbhísí tagartha imdhíon-haemaiteolaíochta agus saotharlainne do Réigiún na Mumhan. Bíonn Eolaithe Leighis agus oifigigh Seirbhísí Ospidéil ar an láthair 24 uair in aghaidh an lae, agus tacaíocht á cur ar fáil dóibh ag Foireann Speisialtóra Leighis agus Haemaiteolaí Comhairleach.

Ar na seirbhísí a chuireann an tSaotharlann Diagnóisice ar fáil, tá:


- Feidhmiú mar Bhanc Fola do roinnt ospidéil chathrach: déanann Ionad Chorcaí grúpáil fola, scagthástáil antasubstaintí, agus soláthraíonn sé cealla dearga trasmheaitseáilte agus comhchodanna eile d'othair ar leith. Soláthraíonn sé comhairle saotharlainne agus cliniciúla do na hothair seo. Imscrúdú frithghníomhartha féideartha aistrithe fola, rannpháirtíocht i mBainistíocht Fuil Othar agus i bpleanáil agus in athbhreithniú an chleachtais aistrithe fola trí choistí agus iniúchadh aistrithe fola an ospidéil agus bainistiú ar inrianaitheacht comhchodanna.
- Agus é mar shaotharlann tagartha, imscrúdaíonn Ionad Chorcaí tíopáil chasta nó aimhrialta ceall dearg, tíopáil shínte d'othair a bhraitheann ar fhuilaistriú, tástálacha deimhneacha díreacha antaglóbailine, ainéime uath-imdhíonachta haemalaíoch, galar haemalaíoch an fhéatais/bhabaí nuabheirthe, agus antasubstaintí casta a chuireann cealla dearga sínte meaitseáilte (feinitíopáilte) agus trasmheaitseáilte ar fáil do na hothair seo. D'fhéadfaí gur gá roinnt uaireanta a chaitheamh chun samplaí ar leith a imscrúdú go hiomlán sna cásanna seo, agus seans go mbeadh gá le scagthástáil deonachán nuair nach bhfuil cealla dearga comhoiriúnacha ar fáil ar an tseilf. Ba ghá ocht sampla othair is fiche a atreorú chuig speisialtóirí sa tsaotharlann tagartha idirnáisiúnta grúpaí fola (STIGF) i mBriostó. Cuirtear comhairle ar fáil do chomhghleacaithe sa réigiún.
- Agus é mar shaotharlann tagartha, imscrúdaíonn Diagnóisic Chorcaí othair réamhbhreithe a bhfuil antasubstaintí ceall dearg iontu, agus rianaíonn sé a gcúram ar feadh an toirchis chun an fháil atá ar fhuil mheaitseáilte don mháthair agus don leanbh ag an mbreith a phleanáil.
- Bainistíonn foireann na Saotharlainne Diagnóisice an stoc comhchodanna speisialta don réigiún. Cuimsíonn sé seo gach comhchuid pláitíní agus gach ordú a fhaightear tríd an gCóras Orduithe Leictreonacha maidir le cealla dearga tíopa antaigine, comhchodanna fola ionradaithe agus comhchodanna fola do bhábaithe.
- Ina ról mar eolaithe a bhíonn ar dualgas iar-ama, cuireann eolaithe na saotharlainne diagnóisice leis an tseirbhís trí phróiseáil thánaisteach a dhéanamh ar chomhchodanna fola agus trí dhéileáil le hathghairmeacha, agus is iad an chéad phointe teagmhála le haghaidh

fiosruithe cliniciúla a chuirtear ar aghaidh ansin go dtí an fhoireann leighis.

- Bhí an fheidhmíocht i Scéimeanna Seachtracha Measúnachta Cáilíochta sásúil i rith na bliana, agus d'fhreastail an fhoireann ar chruinnithe Chumann Fuilaistriúcháin na Breataine (CFB) agus SMSCÉ.

Iomlán na samplaí a fuarthas in 2016: 3201 (2015:3075)

## Gníomhaíocht Diagnóisice Chorcaí in 2016



# Grúpáil Uathoibrithe Deontóirí

## Grúpáil Uathoibrithe Deontóirí


Bíonn an Ghrúpáil Uathoibrithe Deontóirí ar a dícheall i gcónaí chun na teicnící tástála is déanaí agus is leochailí atá ar fáil a thabhairt isteach. Baintear seo amach trí thaighde aonair, nó trí thionscadail a dhéantar mar chuid de staidéar breise. Ní hamháin go bhfeabhsaíonn na hathruithe seo sábháilteacht táirgí fola, ach méadaíonn siad éifeachtúlacht soláthair táirgí ceall dearg ina bhfuil feinitíopaí neamhchoitianta nó casta, mar fhreagra ar iarratais ar leith ó ospidéil.

Lorgaíodh tairiscintí in 2016 chun ardáin tíopála fola QASAR a athsholáthar le teicneolaíocht níos nuaí. Féachfaidh sé seo le scagthástáil chorráncheallach a chur i bhfeidhm tríd an modh crómatagrafaíochta leachta ardfheidhmíochta, rud ar modh thar a bheith beacht é leis an riocht sláinte seo a thástáil.

Tástáladh breis is 140,000 deonachán in 2016, agus thug deontóirí nua 15,117 (10.7%) díobh seo. Is féidir minicíochtaí na gcineálacha fola in Éirinn a mheas leis na torthaí a fhaightear ó dheontóirí nua a thástáil.

Amach ó na tástálacha riachtanacha séireolaíocha a dhéanamh (scagthástáil ABO, RhD agus antasubstaintí), déanann an tsaotharlann scagthástáil agus tíopáil rialta ar dheontóirí ar mhaithe leis na feinitíopaí atá níos neamhchoitianta nó comhcheangail tíopaí a aimsiú, rudaí a d'fhéadfadh a bheith de dhíth in éigeandáil. Rinne an tsaotharlann breis is 100,000 feinitíopa Rh (C,c, E,e) agus breis is 34,000 cineál antaigine eile in 2016 agus chuir sí fuil thíopáilte ar fáil d'orduithe rialta ospidéil, aistriú ionútarach agus iarratais éigeandála ar aonaid antaigine diúltaí níos casta.

**Fuilghrúpaí i measc Deontóirí Nua in 2016**




Tugadh méadú faoi deara sa tsaotharlann in 2016 ar an éileamh ar aonaid thíopáilte agus scagtha d'othair a bhfuil galar corráncheallach orthu agus scagthástáladh 8090 aonad le haghaidh na tréithe HbS.

Tá trí thionscadal leanúnacha ar siúl faoi láthair chun deontóirí a bhfuil cineálacha neamhchoitianta antaigine iontu a aithint. Is éard atá sa chéad cheann acu ná tionscadal náisiúnta scagthástála chun deontóirí Kpb dhiúltaigh a aimsiú. Tá gá leis seo toisc go ndearnadh iarratais roimhe seo ar an gcineál fola neamhchoitianta sin, rud a chiallaigh gur ghá aonaid oiriúnacha a allmhairiú. Ba chóir go mbeadh minicíocht a leithéid d'aonaid Kpb dhiúltaigh ar ráta 1:5000 agus tá an tionscadal chun scagthástáil a dhéanamh ar aonaid Rh D Diúltach ag gabháil ar aghaidh anois le trí bliana. Go dtí seo,

níor aithníodh ach deontóir amháin a bhfuil an tíopa neamhchoitianta aige/aici.
Tá an dara tionscadal beagnach críochnaithe anois, agus is é is aidhm dó ná painéal deontóirí k (cellano) dhiúltaigh a fhorbairt (minicíocht 1:1000). Aithníodh 310 deontóir go dtí seo agus cuireadh iad ar phainéal a bhí roghnaithe go speisialta. Beifear in ann déileáil le haon iarratas ar fhuil dhiúltach k trí úsáid a bhaint as an stoc atá ann cheana, nó is féidir iarraidh ar dheontóirí ar leith den ghrúpa cuí ABO nó feinitíopa Rh teacht isteach chun deonú leis an iarratas a líonadh.

Chuimsigh an tríú tionscadal a tionscnaíodh in 2013 úsáid fearas nua tíopála páirtí RhD atá ann chun deontóirí a bhfuil tíopa athraitheach RhD iontu a bhrath. Bhí sé seo mar fhreagra ar aimsiú deontóra a bhí tíopáilte a bheith Rh D diúltach roimhe seo, ach fuarthas amach go raibh athraitheach lag RhD thar a bheith neamhchoitianta ann (cineál 10). D'fhág sé seo go raibh RhD dearfach an-lag sa deontóir seo, agus d'fhéadfadh iarmhairtí a bheith air sin dá n-aistreofaí an t-aonad sin go fíor-fhaighteoir RhD diúltach. Is gnách go mbíonn antaigin Rh C nó antaigin Rh E níos neamhchoitianta sna cineálacha neamhchoitianta laga RhD seo chomh maith. Mar sin, maidir le gach cás RhD dhiúltaigh a bhí deimhneach freisin d'antaiginí RhC nó RhE, díríodh air i gcomhair scagthástála. Tá an tionscadal seo beagnach críochnaithe anois agus beifear ag déanamh imscrúdú leanúnach ar dheontóirí nua leis an feinitíopa Rh. Go dtí seo, táthar tar éis 14 dheontóir le cineálacha RhD lag neamhghnách a aithint.

Glacann an Rannóg Ghrúpála Uathoibrithe páirt i dtrí chineál scéim measúnachta cáilíochta seachtraí, a chuimsíonn taisceadh 15 chleachtadh shéireolaíochta ar leith gach bliain, 6 chleachtadh haemaglóibine neamhghnácha agus suirbhé mór idirnáisiúnta a chlúdaíonn gach gné de thástáil séireolaíochta na saotharlainne.

Déantar monatóireacht ar inniúlacht na foirne trí úsáid na scéimeanna seo, agus cuimsíonn sí seo tástáil samplaí trí theicnící uathoibrithe agus láimhe araon. D'éirigh le foireann na saotharlainne cruinneas 100% a bhaint amach i Scéim Náisiúnta Sheachtrach Mheasúnachta Cáilíochta na Ríochta Aontaithe (SNSMC RA) ó cláraíodh an tsaotharlann den chéad uair in 2008. Baineadh amach torthaí sásúla sna cleachtaí SNSMC go léir a rinneadh in 2016.

Déantar an dara scéim a chur i gcrích uair sa bhliain agus cuimsíonn sí seo gach gné de shéireolaíocht deontóirí, grúpáil ABO, tíopáil RhD, scagthástáil / aithint antasubstaintí agus tíopáil antaigine eile.
Is suirbhé idirnáisiúnta í an scéim seo den Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasanna agus Cúram Sláinte ar chaighdeáin saotharlainne.

Ós rud é gur áis náisiúnta tástála í an tSaotharlann Ghrúpála Uathoibrithe Deontóirí, tá plean tástála seachtraí ag SFÉ le Seirbhís Fuilaistriúcháin na hAlban ar eagla go dteipfeadh go tubaisteach ar na meaisíní nó ar an láthair. Déantar an plean teagmhasachta a thástáil ceithre huaire in aghaidh na bliana (3 huaire san aer agus uair amháin ar an bhfarraige) trí cheithre shampla is fiche a sheoladh le bheith tástáilte. Tástáladh an teagmhasacht in 2016 agus bhí dea-thorthaí air seo, agus níor ghá an plean seo a ghníomhachtú i bhfíorchás ó comhdhlúthaíodh an tástáil san Ionad Náisiúnta Fola in 2010.



# Seirbhísí Eile

**“Caitheadh cuid mhór acmhainní in 2016 ar chumraíocht agus bailíochtú ríomhchórais don bhanc fíocháin.”**

# An Banc Fíocháin

## An Banc Fíocháin

Ba bhliain thar a bheith spreagúil í 2016 sa bhanc fíocháin.Fuair an banc fíocháin údarú déantúsaíochta ón ÚRTS in Eanáir 2016 chun gaschealla Liombacha a chruthú. Úsáidtear na nóduithe seo chun othair a bhfuil easnamh gascheall liombach orthu a chóireáil. Ní raibh an chóireáil seo ar fáil d'othair Éireannacha roimhe seo agus go dtí seo, tá an chóireáil seo déanta ar bheirt othar agus tá tuilleadh di pleanáilte le haghaidh 2017.

Is foras fíocháin ceadúnaithe (TE-12) san INF é an banc fíocháin go príomha faoin Treoir maidir le Fíochán agus Cealla 2004/23/CE a leagann amach caighdeáin feabhais agus sábháilteachta maidir le deonú, soláthar, tástáil, próiseáil, caomhnú, stóráil agus dáileadh fiocháin agus ceall daonna. Déanann an tÚdarás Rialaithe Táirgí Sláinte cigireacht ar an mbanc gach dara bliain. Bainistíonn an banc fíocháin an fíochán súl go léir, comhlaí croí, craiceann agus roinnt fíocháin mhatánchnámharlaigh go náisiúnta.

Ar na táirgí a chuirtear ar fáil, tá coirní, do ghnáthaimh DSAEK, DMEK agus PK araon, scléara, aimnian, peireacairdiam agus fascia lata. Allmhairítear na táirgí sin ar fad ó na Stáit Aontaithe. Allmhairítear craiceann daonna ó Barcelona sa Spáinn. Anuas air sin, cuireann SFÉ braonta súl séirim uathlógaigh ar fáil d'othair a bhfuil fadhb mhór acu le súile tirime tar éis di iarratas a fháil ó oftailmeolaí. Bíonn próiseáil thánaisteach á déanamh ar na braonta ag an SNF i Speke, Learpholl. Bhí an t-éileamh ar tháirgí mórán mar an gcéanna le 2015.

Is conraitheoirí tríú páirtí í SFÉ ag OOMM le haghaidh próiseáil, crió-chaomhnú, agus dáileadh fíocháin dhaonna chardashoithigh. Úsáidtear an chuid is mó de na comhlaí a dheonaítear i OMLC chun máchailí croí ó bhroinn a dheisiú.

Cuireadh stop le gníomhaíocht an Bhainc Fola Stiúrtha/Corda Siblíneach a bhailíonn agus a dhéanann chrió-chaomhnú ar fhuil chorda ar iarratas ón bhfoireann oinceolaíochta/haemaiteolaíochta in OMLC agus in Newcastle, cuireadh stop lena ghníomhaíocht i nDeireadh Fómhair 2015.

Caitheadh cuid mhór acmhainní in 2016 ar chumraíocht agus bailíochtú ríomhchórais don bhanc fíocháin.Tá sé seo ann go sonrach d'fhíochán, cealla agus gaschealla. Tá sé beartaithe go mbeidh an córas nua réidh le bheith á úsáid faoi shamhradh 2017.

| Gníomhaíocht an Bhainc Fíocháin | |
|---|---|
| Coirní | 163 |
| Scléara | 28 |
| Amnian | 25 |
| Peireacairdiam | 18 |
| Fascia lata | 2 |
| ASEanna | 1 |
| Craiceann | 75 (39,140 cm) |
| Fuil corda | 0 |
| Liombach | 2 |
| Comhlaí croí | 41 |

# CSNÉ

## Clár Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann

Is teiripe tharrthála é trasphlandú ceall sinsear fuilghinte d'othair áirithe a bhfuil leocéimí, siondróim theipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ó bhroinn ar leith orthu. I gcás líon mór othar nach bhfuil an rogha tosaíochta acu siblíneach atá comhoiriúnach go hiomlán a úsáid, cuireann deontóirí neamhghaolmhara as na milliúin deontóir deonach atá ar fud an domhain rogha eile oiriúnach ar fáil.

Bunaíodh Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ) in 1989 le freastal ar an ngá atá le deontóirí ceall sinsear fhuilghinte d'othair in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Ó 2001, bíonn gach deontóir atá cláraithe ar an bpainéal neamhghaolmhar tíopáilte go heisiach trí mhodhanna ADN (DNA) ag an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Imdhíoneolaíochta Histea-chomhoiriúnachta (SNTIH)

### Creidiúnú Idirnáisiúnta

Ó 1991, tá CSNÉ cleamhnaithe le Cumann Deontóirí Smeara an Domhain (CDSD), eagraíocht a shocraíonn caighdeáin oibriúcháin do chláir smeara ar fud an domhain. Tugadh creidiúnú iomlán clárlainne don chlárlann in 2012 agus tugadh arís dó é in 2016 tar éis cigireacht sceidealta.

### Gníomhaíochtaí Náisiúnta

Cuardaíonn an clár deontóirí oiriúnacha ar phainéal na hÉireann agus ó Dheontóirí Smeara ar fud an Domhain (DSD) ar son Ionaid Trasphlandaithe na hÉireann in Ospidéal San Séamas (OSS) agus Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn (OMLC).

Cuireadh seachtó naoi (79) othar ar aghaidh chuig CSNÉ in 2016 i gcomhair cuardaigh neamhghaolmhara.
Fuair caoga a sé othar Éireannach gaschealla ó dheontóir neamhghaolta in 2016. Ba ó dheontóirí idirnáisiúnta a tháinig a bhformhór (48).

### Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Fuarthas réamhchuardaigh ar son trí chéad is a naoi (309) othar idirnáisiúnta, agus gníomhachtaíodh seasca a cúig (65) deontóir le haghaidh iarratais bhreise tástála.

### Deontóirí na hÉireann

Déantar deontóirí smeara a earcú don phainéal trí na clinicí deonaithe lánfhola agus pláitíní. Ba é líon na ndeontóirí nua-earcaithe in 2016 ná 789, agus tá breis is 21,000 deontóir liostaithe ar chlárlann na hÉireann.

Fuarthas deich (10) ndeonachán ó dheontóirí Éireannacha, seacht gcinn (7) d'othair Éireannacha agus trí cinn (3) d'othair idirnáisiúnta. As na deich (10) ndeonachán seo, bhí gabháil smeara i gceist le trí cinn acu (3) agus ba bhailiúcháin gaschealla fola imeallacha iad (7) seacht gcinn acu.

### Oiliúnt na Foirne

D'fhorbair an Cumann Domhanda Deontóirí Smeara (CDDS) cláir oiliúna i gcomhar leis an EBMT chun caighdeánú a dhéanamh ar leibhéal saineolais na foirne a dhéanann cuardaigh agus a dhéanann moltaí ar roghnú nóduithe le haghaidh trasphlandú gascheall fuilghinte. D'éirigh le beirt den fhoireann an bunchúrsa a chríochnú in 2016 agus tá an cúrsa ardleibhéal á dhéanamh acu anois.Thosaigh an tríú ball den fhoireann an cúrsa bunleibhéil.

# Aifiréis Theiripeach

## Aifiréis Theiripeach


Cuireann an tSeirbhís Aifiréise Theiripí (SAT) in Ionad Chorcaí Aifiréis Theiripeach ar fáil d'othair i gceantar na Mumhan. Is iad na hospidéil a gcuireann an SAT seirbhís ar fáil dóibh ná Ospidéal Ollscoile Chorcaí, Ospidéal Ollscoile na Trócaire agus Ospidéal Bon Secours. Aistrítear othair as ospidéil eile sa cheantar chuig na háiseanna sin chun go bhfaighidh siad an chóireáil chuí.

Stiúrann Comhairleach Cógas Aistriúcháin an SAT, agus tugann Oifigigh Leighis Speisialtóra agus beirt altraí atá oilte ar ghnáthaimh theiripeacha cúnamh dó/di. Déantar na gnáthaimh in aice leaba an othair trí fhearas aifiréise soghluaiste a úsáid, go háirithe an OPTIA Spectra. Bhain na gnáthaimh ar fad a rinneadh in 2016 le Malartú Plasma Teiripeach (MPT). Mar sin féin, tá uasghrádú déanta ar na meaisíní OPTIA chun Malartú Ceall Dearg (MFD) agus Ídiú Fuilcheall Bán (ÍFB) a chumasú.

Beartaíonn an SAT prótacal aifiréise do gach othar ar bhonn aonair i gcomhar le foireann an ospidéil chliniciúil a rinne an t-iarratas agus atá i bhfeighil an othair. Tá cleachtas SAT á threorú ag 'Treoirlínte agus Táscairí Cóireála' an Chumainn Aifiréise Mheiriceánaigh (CMA - 2016) agus áirítear sa chleachtas seo treoirlínte eile a chuimsíonn iad siúd ó Chumann Haemaiteolaíochta na Breataine.

Cloíonn an SAT le doiciméadú agus tuairisciú teagmhas díobhálach GMP SOP, rudaí a ndéantar anailís rialta orthu. Tugann an SAT aird air seo agus leanann na gnáthaimh ospidéil maidir le cúram othar, gnáthaimh atá corpraithe i nGOCanna Teiripe SFÉ. Tá rún ag an tseirbhís a bheith rannpháirteach i mbailiú sonraí idirnáisiúnta mar is gné thábhachtach é seo de mhonatóireacht a dhéanamh ar éilimh agus treochtaí seirbhíse. Freastalaíonn foireann an SAT ar chruinnithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus cloíonn siad le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) de réir mar a éilítear.

### Éileamh ar an tseirbhís ó 2013 - 2016 de réir míosa



# Aifiréis Theiripeach


### Éileamh ar an tSeirbhís ó 2013 – 2016 de réir Míosa

Rinne an SAT 126 gnáthamh do 23 othar in dhá ospidéal i gCorcaigh in 2016. Mar a thaispeántar sna táblaí agus sna figiúirí a leanas, tá an t-éileamh ar SAT éagsúil agus inathraitheach. Leagtar na héagsúlachtaí amach chomh fada is a bhaineann siad le míonna, deirí seachtaine agus uaireanta iar-ama, agus taispeántar iad vis-à–vis éilimh na mblianta atá thart.

### Seirbhís deireadh seachtaine, lá saoire bainc agus iar-ama

Tá cead ag othair cúram éigeandála a lorg taobh amuigh de na gnáthuaireanta má tá a ndiagnóis ina bagairt ar a mbeatha nó ar a n-orgáin. D'fhéadfadh an clár cóireála síneadh ar feadh tréimhse deireadh seachtaine. Rinneadh 21% den 126 gnáthamh in 2016 ag an deireadh seachtaine agus 1% lasmuigh de ghnáth-uaireanta oibre i rith na seachtaine.
Sa léaráid thíos, taispeántar an treocht maidir le héileamh ar sheirbhís deireadh seachtaine, lá saoire bainc agus iar-ama de réir ráithe


### Soláthar Seirbhíse Deireadh Seachtaine, Saoire Bainc, Iar-Ama 2016





### Speisialtacht chliniciúil de réir othair agus gnáthaimh

Tháinig formhór na n-othar (53%) isteach le riochtaí néareolaíocha, agus fadhbanna duánaigh (25%) agus haemaiteolaíochta (13%) ina dhiaidh sin. Tháinig naoi faoin gcéad de na hothair isteach faoi speisialtachtaí eile. Taispeánann an tábla thíos an céatadán othar de réir speisialtachta agus taispeánann an ceann deiridh an céatadán gnáthaimh de réir speisialtachta.

### Othair de réir Speisialtachta in 2016




### Gnáthamh de réir Speisialtachta in 2016



# ONH

## An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH)

Déanann haemafhaireachas eolas a bhailiú agus a mheasúnú ar éifeachtaí gan coinne nó nach bhfuil inmhianaithe mar gheall ar fhuilaistriú, agus forbraíonn sé straitéisí agus córais chun stop a chur leo. Tá an haemafhaireachas in Éirinn á chomhordú ag an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH), rud atá mar chuid de Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (SFÉ). Ó bunaíodh an clár in 1999, tuairiscíodh iomlán 5847 frithghníomh agus teagmhas trom díobhálach mar thoradh ar fhuilaistriú ó shin. Déanann an ONH idirchaidreamh le, agus tacaíonn sí leis na hOifigigh Haemafhaireachais (OH) atá bunaithe sna hospidéil ar fud na hÉireann, agus leis na Comhairligh Leighis a bhfuil freagrachtaí haemafhaireachais orthu. Anuas air sin, cothaíonn an ONH naisc le comhghleacaithe go hidirnáisiúnta, tríd an Líonra Idirnáisiúnta Haemafhaireachais (LIH), agus trí Líonra Fuilaistriúcháin na Ríochta Aontaithe (LFRA).

### Teagmhais Throma Dhíobhálacha (TTDanna) - éigeantacha agus neamh-éigeantacha

Rinne an ONH athbhreithniú agus ghlac sí le TTDanna éigeantacha maidir le cáilíocht agus sábháilteacht fola faoi Threoir 2002/98/EC an AE maidir le Fuil, in éineacht le TTDanna neamh-éigeantacha a bhaineann le gné chliniciúil an fhuilaistriúcháin. Tagann na tuairiscí seo ó fhorais fola, bainc agus áiseanna fola d'ospidéil. Glacadh le 154 TTD éigeantach i rith 2016 (69% de na TTDanna go léir). Chomh maith leis sin, glacadh le 69 TTD neamh-éigeantach (31% de na TTDanna go léir) a bhain go príomha le hearráidí i réimsí cliniciúla.

### Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (FTDanna) - éigeantacha agus neamh-éigeantacha

Ag am scríofa na tuarascála seo, glacadh le 154 frithghníomh in 2016, laghdú 179 tuairisc i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tá an cás seo ann go príomha toisc nach nglacann an ONH le tuairiscí ar Fhrithghníomhartha Moillithe Séireolaíocha Fuilaistriúcháin ó Eanáir 2016 i leith. Tá laghdú beag tagtha ar an líon FTD Éigeantach (60) ar glacadh leo go dtí seo i gcomparáid le figiúirí 2015 (66).

### Fógra Bliantúil faoi Fhrithghníomhartha agus Teagmhais Thromchúiseacha Dhíobhálacha (FBFTTD)

Ar mhaithe le cloí le Treoir 2005/61/ EC Aguisín II D agus III C ón gCoimisiún, caithfidh gach ospidéal a bhíonn ag aistriú fola agus gach foras fola FBFTTD a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an ONH. Ghlac an ONH le 231 tuairisc éigeantach in 2015, agus bhí tiomsú thuairisc FBFTTD 2016 ag dul ar aghaidh agus an tuarascáil seo á scríobh.

### An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS)

Is é an ÚRTS an t-údarás inniúil chun gach réimse de Threoir Fola an AE a chur i bhfeidhm, agus mar a tharla i mblianta roimhe seo, tionóladh cruinnithe rialta athbhreithnithe cásanna leis an ONH chun teagmhais a tuairiscíodh a phlé.

### Oideachas, cur chun cinn agus forbairtí

Tacaíonn an ONH le forbairt leanúnach cláir oiliúna inseirbhíse in ospidéil trí obair go dlúth le OHanna atá bunaithe in ospidéil. Leanadh den oideachas leanúnach fochéimithe agus cláraitheoirí speisialtóra chomh maith i rith na bliana.

# ONH

I gcomhréir lena sainordú tacú le foireann na n-ospidéal, chuir an ONH 'lá oscailt' ar siúl do HVOanna nuacheaptha a dhírigh ar ghnéithe den chóras tuairiscithe agus ar dhul i dtaithí ar oibriú SFÉ agus an ONH. D'fhreastail seacht OH déag ar an ócáid seo.

## Comhdháil an ONH in 2016


Bhí breis is 250 toscaire ó chúlraí leighis, altranais agus eolaíocha i láthair in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh ar 15 Samhain le haghaidh Chomhdháil an ONH in 2016. Bhí toscairí i láthair ó gach ospidéal i bPoblacht na hÉireann nach mór, in éineacht le hionadaithe ó Thuaisceart Éireann agus codanna eile den Ríocht Aontaithe. Agus í bunaithe ar an téama 'Sábháilteacht Fuilaistriúcháin trí Cháilíocht', bhain na cainteoirí le cuid mhór disciplíní a bhaineann le sábháilteacht fuilaistriúcháin agus othar. I gcásanna go bhfuil sé ceadaithe, tá na cuir i láthair curtha ar fáil ar
www.giveblood.ie.

Chuir aon duine is fiche iarratas isteach ar chomórtas póstaer a bhí á reáchtáil ag an ócáid seo. Tháinig an t-iarratas a raibh an bua aige, is é sin, go laghdaíonn cur i bhfeidhm conair ainéime réamh-mheasúnachta rátaí fuilaistriúcháin agus go bhfeabhsaíonn sé torthaí d'othair, bhí sé curtha i dtoll a chéile ag foireann ó Ospidéal Mhuire san Uaimh. Rinne na breithiúna trácht ar ardchaighdeán na n-iontrálacha i mbliana.


Bhí seastáin ag roinnt taispeántóirí tionscail i rith an lae.

## Ríomhfhoghlaim

Cuireann SFÉ clár ríomhfhoghlama 'Learnbloodtransfusion' ar fáil faoi cheadúnas d'ospidéil trí LearnProNHS. Bhí an clár seo forbartha ag Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na hAlban, agus chuir an ONH agus SFÉ ábhar eagarthóra leis. Tá an chuid is mó d'ospidéil na hÉireann agus roinnt institiúidí tríú leibhéal cláraithe sa chlár. Cuimsíonn sé seo foireann ospidéil agus fochéimithe cúram sláinte in ollscoileanna áirithe atá ag gabháil do na modúil mar riachtanas cúrsa éigeantaigh.



"Tacaíonn an ONH le forbairt leanúnach cláir oiliúna inseirbhíse in ospidéil trí obair a dhéanamh go dlúth le OHanna atá bunaithe in ospidéil."




**"Coinníonn SFÉ roinnt ceadúnas faoin Treoir Fola, an Treoir Fíocháin, riachtanais GDP agus Údarú Déantúsaíochta le haghaidh Gaschealla Liombacha (cATMPanna a bhfuil díolúine ospidéil ag baint leo)."**

# Cáilíocht agus Cloí

## Cáilíocht agus Cloí

Tharla roinnt athruithe i measc phearsanra an Aonaid Cáilíochta i rith 2016, amhail ceapadh Bainisteoir nua Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta agus Oifigeach nua Bithfhaireachais. Chuaigh an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch ar scor tar éis dó blianta fada seirbhíse a chur isteach don eagraíocht. In ainneoin na n-athruithe seo, leanadh den chlár um athrú sa Chóras Bainistíochta Cáilíochta mar a rinneadh roimhe sin le tionscadail mhóra amhail tabhairt isteach thástáil Heipitíteas E, athsholáthar na Teicneolaíochta Scagthástála Haemaglóibin deontóirí, forbairt na Saotharlainne Géinitíopála Féataí, eisiúint an chéad táirge ón gclár Gascheall Liombach, measúnacht ar Theicneolaíocht Laghdaithe Paitigine agus tabhairt isteach iarchuir a bhaineann le taisteal go ceantair ina bhfuil an víreas Zika.

Chuimsigh an clár bliantúil cigireachta an ÚRTS 6 chuairt chigireachta i rith 2016 agus iad dírithe ar 3 chlinic agus 3 chuairt láithreáin. Tugadh dhá chás mhóra neamhchloí faoi deara a bhain le fadhbanna an Chórais Cháilíochta. Tá cúig thuairisc faighte agus ceann amháin nach bhfuil faighte go fóill faoi chigireacht an Ionaid Náisiúnta Fola i Samhain 2016.

Coinníonn SFÉ roinnt ceadúnas faoin Treoir Fola, an Treoir Fíocháin, riachtanais GDP agus Údarú Déantúsaíochta le haghaidh Gaschealla Liombacha (cATMPanna a bhfuil díolúine ospidéil ag baint leo). Déantar na ceadúnais seo a nuashonrú go bliantúil agus déantar tuarascálacha bliantúla a chomhdú ar leibhéil ghníomhaíochta na bliana.

Mar is gnách, déantar athruithe ar an gCóras Bainistíochta Cáilíochta a ghabháil tríd an gCóras Rialaithe Athruithe. Tarraingíodh 590 Rialúchán Athraithe anuas i rith 2016 agus 653 Ordú Athraithe. Is ionann seo agus méadú beag ar ghníomhaíocht i gcomparáid le 2015. Fágann athruithe inmheánacha ar an gCóras Bainistíochta Cáilíochta go bhfuil gá le heolas níos mionsonraithe ar mheasúnú riosca agus bailíochtaí / pleananna Rialúcháin Athraithe sula bhfaomhtar na hathruithe. Ba chóir go mbrostódh sé seo an próiseas faofa agus go gcinnteodh sé pleanáil fheabhsaithe i gceapadh na n-athruithe.

Tuairiscíodh méadrachtaí don EMT i rith 2016 agus bhí spriocanna rátaí críochnaithe ann nár baineadh amach. Déanfar athbhreithniú ar na méadarachtaí a tuairiscíodh agus úinéireacht an tuairiscithe i rith 2017 chun iad a dhéanamh níos baintí. Níor baineadh an sprioc 80% den chríochnú a bhaint amach i gcás tuairiscí Teagmhais (TTanna) agus Gearán, níor baineadh amach í i gcás fhigiúirí 2016 ach i Ráithe 1 de 2017. Ba é líon iomlán na TTanna a rinneadh i rith 2016 ná 1475, agus ba mhéadú é seo i gcomparáid leis an méid a tuairiscíodh in 2015, is é sin, 1401. Tugadh isteach roinnt nuashonruithe ar chúiseanna oibriúcháin sa Ríomhchóras Foras Fola (RFF) le linn na bliana.

Rinneadh tástáil teagmhasachta go ráithiúil in éineacht le Seirbhís Fuilaistriúcháin na hAlban. Rinneadh tástáil chomh maith ar an láithreán teagmhasachta próiseála roinnt uaireanta le linn 2016 d'fhonn ceisteanna a aithint ar ghá díriú orthu sula dtarlódh teagmhasacht cheart.

# Cáilíocht agus Cloí

Phróiseáil an Córas Láimhseála Gearán 932 gearán ó ospidéil a bhain le fadhbanna le heisiúint táirge nárbh fhéidir a úsáid / táirge mícheart agus moill a bheith ag baint le dáileadh táirgí ar na hospidéil. Próiseáladh tuairim is an líon céanna gearán in 2015. Baineadh amach ráta críochnaithe 84% faoin gcéad chuid de 2017 le haghaidh na bliana 2016.

Rinneadh scrúdú ar iomlán 329 aisghairm i rith 2016 agus bhain an chuid is mó acu le heolas ó dheontóirí tar éis deonúcháin.

Déantar anailís leanúnach i rith na bliana ar ghearáin agus TTanna le cinntiú go mbíonn Teagmhais Throma Dhíobhálacha (TTDanna) agus Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (FTDanna) gafa agus anailís déanta orthu.

Bhí 83 TTD ar ghlac an ONH leo ó SFÉ mar Fhoras Fola i rith 2016 agus tuairiscíodh iomlán 47 FTD ar ghlac an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais leo. Tá na figiúirí seo go maith i gcomparáid le figiúirí 2015.

# Acmhainní Daonna




# Acmhainní Daonna

## Acmhainní Daonna

Lean an rannóg Acmhainní Daonna de dhíriú ar straitéisí inmheánacha acmhainní daonna. Cuir an fócas seo ar chumas na foirne freastal ar riachtanais ár ndeontóirí agus ár n-othar i rith na bliana. Chuimsigh na straitéisí inmheánacha acmhainní daonna luach saothair agus sochair, caidreamh fostaithe agus tionsclaíoch, soláthar foirne agus pleanáil lucht saothair, forbairt eagraíochtúil, sláinte agus sábháilteacht timpeallachta agus seirbhísí leabharlainne.

Ba í forbairt eagraíochtúil an príomhthéama i gcás 2016. Bhí sé mar thoradh air seo gur cruthaíodh Meitheal ildisciplíneach Foghlama agus Forbartha a bhí freagrach as forbairt Straitéis chuimsitheach Foghlama agus Forbartha trí bliana. Tá an Straitéis Foghlama agus Forbartha ceaptha le tacú le cuspóirí láithreacha agus fadtéarmacha gnó SFÉ trí fhoghlaim agus forbairt nuálaíoch do chách.

Is é an fhís atá againn ná 'Oibriú, Foghlaim agus Fás le Chéile', rud a bhfuil sé mar dhlúthchuid de go mbíonn athrú dearfach mar thoradh ar chultúr foghlama, oibre agus fáis le chéile agus trí dheiseanna nuálaíocha foghlama fad saoil trína gcumasaítear an eagraíocht go léir le bheith ina ionad oibre iontach.




Chomh maith leis na nithe thuas, aithníodh trí sprioc ardleibhéil mar bhunús ar a gcuirfear an straitéis seo i gcrích.Is iad sin:

- Saineolas
- Fás
- Soláthar

Éascóidh na spriocanna seo cur i gcrích ráiteas misin agus cuspóirí na heagraíochta trí fhorbairt ár bhfostaithe. Cinnteoidh siad go bhfuil an fócas ar an saineolas riachtanach a bheith ann chun an feabhas seirbhíse atá mar mhian ag SFÉ a bhaint amach, anois agus amach anseo. Cuirfidh baint amach na spriocanna seo cothú agus fás an tsaineolais seo chun cinn. Anuas air sin, cabhróidh forbairt bealaí nua agus feabhsaithe chun ár seirbhísí a chur ar fáil trí fheabhsú leanúnach, cabhróidh siad le príomhchuspóir SFÉ a bhaint amach, is é sin, seirbhísí fuilaistriúcháin den chéad scoth do mhuintir na hÉireann

Forbraíodh plean cuimsitheach feidhmithe do na trí bliana amach anseo, rud a leagann amach an cur chuige a bhfuil gá leis chun an straitéis uaillmhianach seo a chur i gcrích.


# Timpeallacht, Sláinte agus Sábháilteacht (TSS)

Leanadh den laghdú ar líon na dtimpistí agus na dteagmhas foirne in 2016

### Clár Sláinte Cheirde

Lean SFÉ d'obair a dhéanamh ar Shláinte Cheirde i réimse na monatóireachta agus an fhaireachais ina raibh breis is 100 fostaí reatha ag comhlánú agus ag seoladh isteach ceistneoirí measúnachta.


## Líon na dTimpistí - Comparáid Bhliantúil 2012 -2016




### Clár bithshábháilteachta

Tá an rannóg TSS ag obair i gcomhar le meitheal ina bhfuil ionadaithe ó rannóga éagsúla chun Lámhleabhar Bithshábháilteachta a chruthú don eagraíocht. Tugann an Lámhleabhar Bithshábháilteachta forbhreathnú ar phrionsabail bithshábháilteachta chun bainistíocht a dhéanamh ar an riosca nochta do ghníomhaithe agus ábhair bhitheolaíocha agus ar na riachtanais dlí a bhaineann leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Gníomhaithe Bitheolaíocha) 2013 agus ar an reachtaíocht bhainteach um Shláinte agus Sábháilteacht.

## Oiliúint Riachtanach Foirne in 2016



# Airgeadas

**Cuntais Achoimre na bliana dar críoch 31 Nollaig 2016**

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Díolacháin agus Tástálacha | 64,825 | 65,429 |
| Ioncam Eile | 11,175 | 525 |
| **Ioncam iomlán** | **76,000** | **65,954** |
| **Caiteachas** | | |
| **Caiteachas iomlán** | **69,436** | **71,872** |
| Barrachas / (Easnamh) na bliana | 6,564 | (5,918) |
| Gnóthachan / (caillteanas) achtúireach ón scéim pinsean | (23,639) | 24,163 |
| Aistriú go Cúlchistí Caipitil | (70) | (88) |
| Aistriú go dtí an Cúlchiste Taighde | (449) | (53) |
| Easnamh Carnach ar 1 Eanáir | (42,975) | (61,079) |
| Easnamh Carnach ar 31 Nollaig | **(60,569)** | **(42,975)** |

### Ioncam

Déantar anailís ar an €76 milliún (2015 €65.95 milliún) a bhí mar ioncam iomlán ag an mBord in 2016 mar ioncam ó dhíolacháin agus tástálacha agus mar ioncam eile. Is éard is ioncam ó dhíolacháin agus tástálacha ann ná ioncam a chruthaítear ó dhíolacháin táirgí agus seirbhísí a chuirtear ar fáil d'ospidéil ar luach €64.83 milliún (2015 €65.43 milliún). Cuimsíonn ioncam eile €11.18 milliún (2015 €0.53 milliún) deontais ón Roinn Sláinte agus ús ar thaiscí bainc. Tharla an laghdú ar ioncam ó dhíolacháin agus tástálacha mar gheall ar laghdú ar líon na dtáirgí in 2016 agus tá an méadú ar ioncam eile i gceist mar gheall ar dheontas €840 míle a fuarthas do thástáil deonachán le haghaidh víreas Heipitíteas E agus deontas aonuaire €10m do Scéim Pinsean SFÉ.

### Caiteachas

Ba é an caiteachas a rinneadh in 2016 ná €69.44 milliún (€71.87 milliún in 2015). Tharla an laghdú ar chaiteachas go príomha mar gheall ar chostais laghdaithe pinsin an fhostóra.Déanann an Bord cuntas ar phinsin i gcomhréir le caighdeán tuairiscithe airgeadais 102.

### Cúlchistí

Tá cúlchiste caipitil ag an mBord chun áiseanna nua a fhorbairt i gCorcaigh. Ba é iarmhéid chiste na bliana dar críoch 31 Nollaig 2016 ná €8.60 milliún.

Bhunaigh an Bord cúlchiste taighde in 2006. Ba é iarmhéid an chiste taighde in 2016 ná €1.76 milliún. (2015 €1.31 milliún).

## Caiteachas Caipitiúil

D'infheistigh an Bord €1.4 milliún i dtionscadail chaipitiúla agus trealamh i rith 2016 (€2.7 milliún in 2015).

Ba iad na príomhinfheistíochtaí i rith na bliana ná caiteachas ar fhlít feithiclí SFÉ agus rinneadh infheistíocht chomh maith ar bhonneagar TFC, cuisneoirí saotharlainne, reoiteoirí, gléasra agus trealamh eile.

## Reachtaíocht um Íocaíocht Phras

Cloíonn an Bord le ceanglais na Reachtaíochta um Íocaíocht Phras, ach amháin nuair a luaitear a mhalairt thíos. Is é an gnáthchreidmheas a bhíonn gafa ag an mBord, ach amháin má luaitear a mhalairt i socruithe conartha ar leith, ná 30 lá tar éis don sonrasc a bheith faighte, nó tar éis do dheimhniú a bheith faighte go bhfuarthas na hearraí nó na seirbhísí ar gá íoc astu. Is é polasaí an Bhoird a chinntiú go n-íoctar gach cuntas go pras. I rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2016, faoi théarmaí na reachtaíochta is infheidhme, bhí sonraisc ar luach €269,235.37 déanach ar feadh 18.27 lá ar an meán. Ba ionann na sonraisc seo agus 1.7% de líon agus 0.54% de luach na n-íocaíochtaí go léir a rinneadh le soláthraithe earraí agus seirbhísí i rith na bliana. B'ionann iomlán an úis agus na bhfíneálacha a íocadh maidir le gach íocaíocht dhéanach agus €12,114.09

Leanann an Bord d'athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta riaracháin ar mhaithe le cabhrú le laghdú a dhéanamh ar an oiread ama a chaitear ar cheisteanna agus réitigh maidir le sonraisc.

# Sonraí teagmhála

## Iniúchóirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Foirgneamh an Státchiste
Clós Íochtair an Chaisleáin
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

## Dlíodóirí

Arthur Cox
Ionad Phort an Iarla
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

## Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

## Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**An tIonad Náisiúnta Fola**
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8
t: 01/4322800
f: 01/4322930
r:contactus@ibts.ie

www.giveblood.ie Líne Eolais do Dheontóirí ag 1850731137
www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie

**Ionad Chorcaí**
Ospidéal Naomh Fionnbharra
Bóthar Dhúghlais
Corcaigh
t: 021/4807400
f: 021/4313014

**Clinic Deonaithe Fola Bhaile Átha Cliath**
2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
t: 01/4745000

**Clinic Deonaithe Fola Stigh Lorgan**
6 Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath
Stigh Lorgan
Co. Bhaile Átha Cliath
t:1850 808 808

**Ionad Bhaile Átha Fhirdhia**
Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia
Co. Lú
t:041/6859994
f:041/ 6859996

**Ionad Cheatharlach**
Eastát Tionsclaíoch Bhaile Mhic Thiarnáin
Bóthar Bhaile Haicéid
Ceatharlach
t: 059/9132125
f: 059/9132163



Irish Blood Transfusion Service

Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**An tIonad Náisiúnta Fola**
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8.

Teil: 00 353 1 4322800
Facs: 00 353 1 4322930
Ríomhphost: contactus@ibts.ie

www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie
www.giveblood.ie
Líne Eolais do Dheontóirí ag 1850 731 137

designed by CATALYSTO°